# Annual Report
## Tuarascáil Bhliantúil
## 2008



# Offaly Local Authorities

*Údaráis Áitiúil Úibh Fhailí*

# *Tuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúil Uíbh Fháilí 2008*

## *COMHAITHEASC AN CHATHAOIRLIGH*

## *AGUS BHAINISTEOIR AN CHONTAE*



**An Comhairleoir Barry Cowen**
**Cathaoirleach**



**Pat Gallagher**
**Bainisteoir an Chontae**

Tá an-áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil 2008 Údarás Áitiúil Uíbh Fháilí a sheoladh. Sonraíonn an tuairisc na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle, a baill tofa, an fhoireann agus na ranna.

Ní chaithfear a chur i gcuimhne d'aon duine dár léitheoirí go raibh athrú an-mhór i 2008 ins an aeráid eacnamaíochta. Mar thoradh air seo, tháinig an cháin a bhí ar fáil don rialtas áitiúil chun a sheirbhísí a sheachadadh faoi bhrú mór agus bhí sé riachtanach costais a laghdú (le pá rolla san áireamh). I gcoinníollacha dá leithéid, bíonn sé níos tábhachtaí fós go ndíríonn an bhainistíocht, an fhoireann agus na baill tofa ins na húdaráis áitiúla ar sheirbhísí a sheachadadh atá éifeachtach ó thaobh costais de agus ar na h-acmhainn atá ar fáil a úsáid go ciallmhar chun deimhin a dhéanamh de go leanfaí le seirbhísí poiblí a sholáthar do chustaiméirí uile na Comhairle.

Tá fianaise de scála agus de éagsúlacht na hoibre a dhéanann na ranna éagsúla ins an dtuairisc. Táid seo a leanas san áireamh i roinnt des na tionscnaimh den scoth gur tugadh aghaidh orthu i 2008:

- Thosaigh tógáil Seachbhóthar N52 an Tulaigh Mhór i Márta 2008. Tá an scéim déanta suas de 13.5km de charr-bhealaí. Meastar go mbeidh na hoibreacha críochnaithe roimh dáta críochnaithe an chonartha de Lúnasa 2010.

• Leagann seachadadh Plean Forbartha an Chontae amach an straitéis iomlán do phleanáil chuí agus do fhorbairt inmharthana Contae Uíbh Fháilí le linn an chéad sé (6) bhliain eile. Leagann sé amach aidhmeanna úsáide talún agus aidhmeanna conláiste na Comhairle. Chuaigh Dréacht Phlean Forbartha an Chontae amach i Feabhra 2008. Fuarthas thart ar cheithre chéad (400) aighneacht. Bhí Tuairisc Bhainisteoir an Chontae ar na haighneachtaí seo ciorclaithe dos na baill in Iúl 2008 agus bhí roinnt cruinnithe de chuid na Comhairle ar siúl faoin bplean. Bhí athraithe ar an ndréacht plean taispeánta go poiblí agus tugadh cuireadh d’aighneachtaí ar na hathruithe. Ag deireadh 2008 bhí Plean Forbartha an Chontae ar tí bheith glactha. Thosaigh ullmhú Pleananna Forbartha an Tulaigh Mhóir agus Biorra, chomh maith.

• Chuaigh Comhairle Chontae Uíbh Fháilí i gceannas ar fheidhm Seirbhísí Uisce Comhairlí Baile an Tulaigh Mhóir agus Biorra.

• Óstaíocht ar fháiltiú sibhialta ag onórú an Taoisigh nua, An t-Uas. Brian Cowen, T.D., ar an 20ú Bealtaine 2008 ag Áras an Chontae.

Ba mhaith linn úsáid a bhaint as an deis seo chun buíochas a ghabháil leis na baill tofa, leis an bhainistíocht agus leis an fhoireann as ucht a ndiongbháilteacht, a gcomhoibriú agus a gcuid cabhrach i seachadadh seirbhísí na Comhairle i 2008. Le linn na mblianta atá le teacht, táimid ag súil le cur i bhfeidhm Plean Forbartha an Chontae agus deimhin a dhéanamh de fhorbairt saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha Chontae Uíbh Fháilí sa todhchaí.

**Barry Cowen**
**Cathaoirleach**

**Pat Gallagher**
**Bainisteoir an Chontae**




*D’oscail Ionad Fóillíochta an Tulaigh Mhóir i nDeireadh Fómhair 2008*

## CLÁR


**CAIBIDIL 1 SEIRBHÍS IOMPAIR & ÉIGEANDÁLA**

IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT BÓTHAR
SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN
COSAINT SIBHIALTA

**CAIBIDIL 2 SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚRTHA AGUS TITHÍOCHTA**

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
ACMHAINNÍ DAONNA
FAISNÉIS EOLAIS
SEIRBHÍS & CARTLANNA LEABHARLANN AN CHONTAE
EALAÍON
TITHÍOCHT

**CAIBIDIL 3 SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA & UISCE**

AN TIMPEALLACHT
SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA
SEIRBHÍSÍ UISCE

**CAIBIDIL 4 PLEANÁIL, FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, POBAL & FIONTAR**

PLEANÁIL, FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA
OIDHREACHT
POBAL & FIONTAR

**CAIBIDIL 5 AIRGEADAS**

AIRGEADAS
CÁIN GLUAISTEÁN

**CAIBIDIL 6 COMHAIRLÍ BAILE**

BIORRA
ÉADAN DOIRE
AN TULAIGH MHÓIR

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

Bhí an leithdháileadh 2008 le haghaidh Chothabháil na mBóthar Náisiúnta Príomha dóthanach tar éis feabhsúcháin phábhála leanúnacha ins na blianta déanacha

Ní bhfuarthas aon leithdháileadh le haghaidh feabhsúcháin pábhála/forleagain ar Bhóithre Náisiúnta Príomha i 2008. Feabhsaíodh Bóithre Náisiúnta Príomha, N6 agus N7, an chontae le roinnt blianta anuas le tionscnaimh leathnaithe/forleagan agus tá cruth maith orthu anois.

Lean an UNB lena leithdháileadh (€50,000 i 2008) le haghaidh measúnaithe ar struchtúir pábhála atá le bheith déanta ar an N52, an N62 agus an N80. Cabhraíonn na measúnaithe seo leis na codanna de ghréasán na mbóthar Náisiúnta Tánaisteacha go bhfuil feabhsaithe riachtanach dóibh a aithint agus a chur ar bharr an liosta.

Thosaigh tógáil **Seachbhóthar N52 an Tulaigh Mhóir** le Graham/PT McWilliams JV i Márta 2008. Tá an scéim déanta suas de 11.0km de charr-bhealach singil caighdeánach, 2.5km de charr-bhealach singil leathan neamhchaighdeánach agus 12 struchtúr príomha. Is é dáta críochnaithe an chonartha ná Lúnasa 2010.

Thosaigh tógáil scéim **Mótarbhealach Bhaile an Chaisleáin go h-Aonach Urmhumhan an M7** le Bowen Somague JV in Eanáir 2008. Tá an scéim 36km de fhaid le 54 struchtúr ann le 3 áit trasnaithe na habhann. Is é an dáta críochnaithe go bhfuilid ag súil leis ná Meán Fhómhair 2010. Beidh seachbhóthar timpeall 13km de bhóthar Náisiúnta Príomha an N7 a théann trí Contae Uíbh Fháilí mar thoradh ar oscailt na scéime.

Tógadh Céim a 2 de **Mhótarbhealach M6 Chill Bheagáin go Átha Luain** le Innealtóireacht Sibhialta Ascon Teo. agus d'osclaíodh é in Iúil 2008. Bhí 29km de Mhótarbhealach, 19 struchtúr príomha agus 3 acomhal scartha grád 3 i gceist leis an scéim. Téann timpeall 7km den mhótarbhealach seo trí Chontae Uíbh Fháilí agus bhí an sean N7 ath-rangaithe mar bhóthar neamhnáisiúnta dá bharr.

### Scéimeanna Móra Náisiúnta Tánaisteacha

| **Bealach** | **Cur Síos ar na hOibreacha** | **2008 €** |
|---|---|---|
| N52 | Seachbhóthar an Tulaigh Mhóir | 30,000,000 |
| N52 | Cill Bheagáin go Tulach Mór | 200,000 |
| | **IOMLÁN** | **30,200,000** |

### Seachbhóthar an Tulaigh Mhóir

Thosaigh tógáil Seachbhóthar an Tulaigh Mhóir le Graham/PT McWilliams JV i Márta 2008. In ainneoin na droch aimsire le linn na bliana, tá dul chun cinn réasúnta déanta chuige seo agus níor cuireadh isteach ar an sprioc dáta críochnaithe faoi Chonradh Q3 2010. Níor cuireadh isteach ar thiománaithe nó ar an bpobal ginearálta ar an ngréasán bóthar reatha ach chomh beag.

**N52 Ceangal an Tulaigh Mhóir go Cill Bheagáin**

Cheadaigh an UNB moladh Tuairisc Roghnaithe Bhealach i Márta 2007 go dtugtar an Bealach Glas isteach mar an Dorchla Bealaigh is fearr. Fuarthas dáileadh €200,000 ón UBN chun an scéim a chur ar aghaidh chuig an chéad chéim eile i 2008. Le linn na bliana, lorg Comhairle Chontae Uíbh Fháilí iarratais suime le haghaidh soláthar seirbhísí Comhairleoireachta Innealtóireachta chun an scéim seo a chur trí na céimeanna pleanála, CPO, réamh-dheartha, deartha sonraithe agus ar aghaidh go Céim na Tógála. Críochnaíodh an próiseas seo agus dhein Comhairle Chontae Uíbh Fháilí moladh don UNB dá bharr, eagraíocht Comhairleoireachta buacach a cheapadh chun an scéim a chur chun cinn i 2009.

**Pábháil Náisiúnta Tánaisteach agus Feabhsú ar Scála Beag**

Taispeánann an tábla seo a leanas fán gcéad na nOibreacha Feabhsaithe ar Scála Beag (Forleagan) a déanadh le linn an trí bhliain deiridh ar an nGréasán Náisiúnta Tánaisteach: -

| Bliain | Faid (Km) | % Gréasán N.T. |
|---|---|---|
| 2006 | 6.50 | 5.00 |
| 2007 | 9.60 | 8.00 |
| 2008 | 4.55 | 3.76 |

Bhí an leithdháileadh le haghaidh oibreacha feabhsaithe ar scála beag i 2008 de €970,000 síos go mór ó dháileadh 2007 de €2,523,000 agus bhí laghdú mór ins an méid den mbóthar Náisiúnta Tánaisteach a feabhsaíodh dá bharr.

Bhí na scéimeanna seo a leanas san áireamh ins na **hOibreacha Feabhsaithe Bóthar** i **2008**: -

| Uimh. an Bhóthair | Áit | Faid (km) |
|---|---|---|
| N80 | Cill Aichidh go Tulach Mór ag Doire Cluthar | 1.50 |
| N80 | Clóirtheach go Tulach Mór – Gleann na bhFuinseog | 1.00 |
| N62 | An Currach Buí Biorra | 0.75 |
| N62 | An Dún go Baile na hAbhann | 1.30 |
| | **IOMLÁN** | **4.55** |

Tá codanna de fheabhsúcháin bóthar i gceist leis na scéimeanna go léir thuasluaite mar: -

- Leathnú
- Neartú pábhála agus forleagan

Tá an Droichead do Choisithe ós cionn abhainn na Brosnaí le bheith ag tosú go luath i 2009. Críochnaíodh pleanáil, dearadh, ceannach talún agus imeachtaí tairisceana i 2008.

**Modhanna Sábháilteachta Náisiúnta Príomha agus Náisiúnta Tánaisteacha**

Cheadaigh leithdháileadh na Modhanna Sábháilteachta Náisiúnta Príomha agus Náisiúnta Tánaisteacha na hoibreacha seo a leanas **a chríochnú i 2008**: -

- Marcáil bóthar feabhsaithe ar Bhóthar Móta Clóirtheach
- Aischur an mharcáil bóthar ag N52 Bóthar Arden an Tulaigh Mhóir
- Athraithe ar an lána mall ag N62 Cnocán Corra
- Bacainní Sábháilteachta ag N62 Droichead Uí Mhaonaigh Doirín an Locha
- Dearadh scéimeanna Ceansaithe Tráchta ag Crosaire Páirc na gColúr Cill Aichidh, an Dún & Egligh.

Beidh impleachtaí sábháilteachta dearfacha ag na scéimeanna seo go leor do thiománaithe agus do choisithe a úsáideann an gréasán Bóthar Náisiúnta Tánaisteach i gContae Uíbh Fháilí.

## <u>BÓITHRE NEAMH-NÁISIÚNTA</u>

Bhí figiúr de **€1,535,000** ó **acmhainní na Comhairle Féin** san áireamh i Meastacháin 2008 le haghaidh cothabháil na mbóthar Neamh-Náisiúnta, sin méadú timpeall €30,000 ó fhigiúr 2007.

## RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL IN OIBREACHA BÓTHAR

Tá cead ag an gComhairle suas go 7½% den leithdháileadh iomlán a chaitheamh ar athchóiriú cothabháil/ath-thógáil bóithre go mbeadh ionchur ó phobail áitiúla i gceist leo. Tá ar phobail áitiúil íosmhéid 25% a thabhairt in airgead nó a luach san eile le haghaidh an tionscnaimh. Breathnófar ar roinnt bóithre cul de sac faoin gclár seo ag na Coistí Ceantair. Bé an leithdháileadh don gcatagóir oibre seo i 2008 ná €300,000 agus meastar go mbeidh sé timpeall €300,000 don gContae nó €75,000 per Ceantar i 2009. Críochnaíodh méid teoranta scéimeanna faoin gceannteideal seo i 2008.

## BÓITHRE NEAMH-NÁISIÚNTA-FEABHSÚCHÁIN SONRACHA & DEONTAIS SPEISIALTA

Bhí na hoibreacha seo a leanas déanta i 2008 faoin Leithdháileadh Deontais Sonrach: -

- Cainteanna faoi Cheannach Talún críochnaithe le haghaidh Céim 2 de Cheangal Bóthar Bheannchair ó Bhóthar Lus Mhaigh go Bóthar Crank i mBeannchar.
- Ceannach talún críochnaithe agus thosaigh Cuid VIII den gnáthamh pleanála do chuid den Bóthar Faoisimh Inmheánaigh in Éadan Doire.
- Feabhsúcháin pábhála déanta ar chodanna de Bhóthar Chionn Eitigh go Ros Cré R421.
- Staidéar Féidearthachta déanta ar Sheachbhóthar Chluain na nGamhan agus curtha ar aghaidh chuig an Roinn Iompair chun cead d'fháil dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
- Dearadh ag Céim ar Aghaidh agus Pleanáil Bhóthar Faoisimh Chlóireach.
- Oibreacha Neartaithe Droichid Críochnaithe ar Dhroichead Ard na gCreach an Tulaigh Mhóir agus Droichead Uí Chorcráin, Raithean.

**SCÉIM FEABHSAITHE TIONSÓISC**
Bhí na scéimeanna seo a leanas déanta i 2008: -

| CEANTAR | ÁIT | 2008 € |
|---|---|---|
| Gach Ceantar | Postaithe Sonraithe Acomhail | 20,000 |
| An Féar Bán | Crosaire Lumcloom – Comharthaí Rabhaidh | 15,000 |
| Biorra | Ard Naomh Sheosaimh – Feabhsú Acomhail | 30,000 |
| An Féar Bán | Droichead Uí Chorcráin – Comharthaí Rabhaidh agus Bacainní Sábháilteachta | 20,000 |
| Gach Ceantar | Sé Droichead Cúnga – Comharthaí Rabhaidh | 18,000 |
| Biorra | Acomhal Bearna Chloí Chosnaigh– Marcáil Bóthar agus comharthaí rabhaidh | 15,000 |
| An Tulaigh Mhóir | Naomh O'Hara R421 – Comharthaí Rabhaidh | 5,000 |
| Éadan Doire | Acomhal Choill Cheapach – Comharthaí Rabhaidh | 5,000 |
| An Féar Bán | Acomhal An Ráth – Dearadh & Tógáil | 30,000 |
| Biorra | Anglers Rest – Comharthaí Rabhaidh | 15,000 |
| | **Iomlán** | **173,000** |

**CLÁR ATHCHÓIRITHE BÓTHAR ILBHLIANTÚIL**

D'iarr an RCORA ar gach Údarás Áitiúil le linn 2007 clár 3-Bhliana a aighniú ó **2008 go 2010**. D'aighnigh Comhairlí Chontae Uíbh Fháilí liosta scéimeanna faoin gClár 3-Bhliana le caiteachas bliantúil measta ann de **€5,369,000**. Léiríonn sé seo méadú sa bhreis ar €1.0 M sa bhliain ar an **bPlean 2006 go 2008** de **€4,392,003**. Bé €5,369,000 leith-dháileadh 2007 agus 2008 faoin ndeontas seo. Cheadaigh an maoiniú mór faoin gclár seo scéimeanna feabhsaithe bóthar móra a bheith déanta i 2008. Bhí moill ins an bpróiseas tairisceana seo de bharr easpa taithí ar na Doiciméid Chonartha Praghas Shocraithe nua gur thug an Roinn Iompair/Airgeadais isteach i 2008. Tosaíodh agus críochnaíodh roinnt scéimeanna feabhsaithe bóthar déanach isteach sa bhliain de bharr seo.

**FO-DHLITE PÁIRCEÁLA**

Thug baill tofa Chill Chormaic, Beannchar, An Féar Bán agus Éadan Doire isteach Fo-Dhlite Páirceála agus chuadar seo i bhfeidhm ag deireadh 2008.

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

D'fhan Sláinte agus Sábháilteacht maidir le hoibreacha-bóthar ard ar chlár oibre feidhmeannach an Chomhairle Chontae i 2008 agus leanfaidh sé mar seo i 2009. Is féidir le géilliúlacht leis an Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta chomh mór le 15% a chur le costas scéim oibreacha-bóthar. Bhí laghdú ins an gcuid den mbóthar a feabhsaíodh de bharr seo. Is gnáth rud é traenáil Sláinte agus Sábháilteachta don fhoireann go léir (istigh agus amuigh) agus is cuid leanúnach é de chlár traenála Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí. Tá an traenáil eagraithe ag an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireann sé brú ar acmhainní airgeadais ganna.

## SCÉIMEANNA FEABHSAITHE ÁITIÚLA

Do bé **€209,900** an leithdháileadh i **2008**. Cheadaigh sé seo seacht scéim a bheith críochnaithe i 2008.

## CLÁR/RCORA – COMHCHOISTE TIONSCNAIMH BÓITHRE AGUS DROICHID 2008

Fuarthas leithdháileadh €50,122 faoin scéim seo i Lúnasa 2008 d'oibreacha ar Bhóithre Áitiúla Tánaisteacha agus Treasacha agus Droichid i gceantair CLÁR. Bhí cúig scéim bhóthar críochnaithe mar seo a leanas:

- Brothlach, An Féar Bán – 750 méadar de bhóthar áitiúil tánaisteach
- Sráid Uí Eidhin, An Féar Bán – 250 méadar de bhóthar áitiúil tánaisteach
- Teampall na hAithrí – Biorra 400 méadar de bhóthar áitiúil treasach
- An Camghort/Bearna Chloí Chosnaigh – Biorra 200 méadar de bhóthar áitiúil treasach
- Cruachán – Éadan Doire – 500 méadar de bhóthar áitiúil treasach.

## COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH BÓITHRE AGUS BONNEAGAR

Bhí ceithre chruinniú de chuid CPS Bóithre agus Bonneagar ar siúl le linn 2008. Bronnadh doiciméad polasaí ar fheithicle neamhúdaraithe ar bhóithre poiblí don gCoiste Polasaí Straitéiseach. Tugadh ath-chuairt ar ag Dul i gCeannas ar pholasaí forbairtí cónaithe 2005 agus tugadh é suas chun dáta i gcomhréir le moltaí an Roinn Comhshaoil.

Ba iad na rudaí eile gur pléadh ins na cruinnithe CPS le linn na bliana ná:-

- Soilsiú Poiblí
- Fís 2020 – taisteal agus iompar inchothaithe
- Droichid Chanál
- Ceansú Tráchta
- Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla
- Iniúchadh Sroichte
- Plean Mór Éigeandála

## SÁBHÁILTEACHT BHÓTHAR

Bhí dhá chruinniú de chuid fo-choiste Tráchta agus Sábháilteachta ar siúl i 2008. Siad na rudaí a pléadh ná:-

- Straitéis Sábháilteachta Bóthar don gContae a cheapadh.
- Dáileadh éadach sofheicthe do chatagóirí soghonta mar sheandaoine agus leanaí atá ag dul ar scoil.
- Oideachas sábháilteacht bóthar a chur chun cinn i mbunscoileanna. Teachtaireachtaí sábháilteacht bóthar a chur i bpáipéir agus i gcumainn-chreidmheasa áitiúla.

Thosaigh cruinnithe ráithe idir na Gardaí, na h-Innealtóirí Ceantair agus Foireann Deartha na mBóthar i 2008. Bhí dhá chruinniú ar siúl chuige seo agus bhain na rudaí a pléadh leo seo a leanas: - Ceansú Tráchta agus scéimeanna sábháilteachta ar Chostas Íseal molta ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí, Comharthaí agus líniú, tuairisciú Tionóisc, Cothabháil Geimhridh, Sábháilteacht i Scoileanna, Oibreacha Bóthar, Teorainn Luas, Fo-Dhlite Páirceála, Seach-Bhóthar an Tulaigh Mhóir, aon rudaí eile atá comónta dos na Gardaí agus d'fhoireann an Chomhairle Chontae.

Tugadh aghaidh ar na **tionscnaimh shábháilteachta bóthar sonracha** seo a leanas i 2008.

- Féilire Sábháilteachta Bóthar 2009 eagraithe i dteannta leis na Gardaí Síochána i Réigiún an Tulaigh Mhóir. Bhí dhá bhunscoil dhéag páirteach ann agus ós cionn 80 leanbh. Bhí an féilire déanta suas de iontrálaithe ealaíona ós na scoileanna.
- Leanúint ag tabhairt tacaíocht do **Scéim Mhaor Sóisearach na Scoileanna** i gceithre bhunscoil sa Chontae.
- Ag cur **'Clár Tiomáin ar son na Beatha'** chun cinn do mhic léinn san idirbhliain i meánscoileanna.

## ÓCÁIDÍ TÁBHACHTACHA I 2008

- Tosú le tógáil Scéim M7 Bhaile an Chaisleáin go Aonach Urmhumhan le Bowen Somague JV in Eanáir 2008.
- Tosú le tógáil Seachbhóthar N52 an Tulaigh Mhóir le Graham/PT McWilliams JV i Márta 2008.
- Oscailt scéim Mhótarbhealach M6 Chill Bheagáin go h-Átha Luain in Iúl 2008.
- Fo-dhlite páirceála a thabhairt isteach i mBeannchar, in Éadan Doire, ins an Féar Bán agus i gCill Chormaic.
- Tuillte mór mórthimpeall an Chontae i Lúnasa.
- Moladh don UNB, i nDeireadh Fómhair, le haghaidh Chomhairleoirí a cheapadh chun Ceangal-bhóthar an Tulaigh Mhóir go Cill Bheagáin a chur chun cinn.
- Ceannach Talún críochnaithe le haghaidh Céim 2 de Cheangal Bhóthar Bheannchar agus Bóthar Faoisimh Inmheánaigh Éadan Doire.
- Droichead do choisithe ós cionn Abhainn na Brosna ins an Féar Bán réidh le haghaidh tógála i 2009.



*Radharc ón aer ar Thimpeallán an Mhuclaigh & S02: Fo-dhroichead na Clóidí*

- ***SEIRBHÍS DÓITEÁIN***

Is é aidhm Údarás Dóiteáin Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí ná an pobal a chosaint ó thine agus saol agus sealúchas a chaomhnú. Is eagraíocht í an tSeirbhís Dóiteáin atá bunaithe agus cothabháil déanta uirthi i gcomhréir le Rannóga 9 agus 10 de Acht na Seirbhísí Dóiteáin, 1981.

Soláthraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Uíbh Fháilí seirbhís dóiteáin iomlán don bpobal 24 uair a chloig sa ló gach lá den mbliain.

**<u>GNÍOMHAÍOCHT NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN I 2008</u>**

I 2008 d'fhreastail Seirbhís Tine agus Dóiteáin Uíbh Fháilí ar 763 eachtra, déanta suas de 599 glaoch dóiteáin, 71 tionóisc bóthar, 77 glaoch seirbhís speisialta agus 16 glaoch bréagach. Tháinig an fhreagra ar na glaonna seo ó 8 stáisiún mórthimpeall an chontae.

**TIONSCNAIMH CAIPITIL**

I 2008 bhí na feithicle seo a leanas seachadta le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí:

- Fearais Dóiteáin nua Rang B, suite ag Stáisiúin Dóiteáin an Tulaigh Mhóir.
- Fearas Dóiteáin Midi nua, suite sa Daingean.
- Tancaer Uisce nua suite sa Tulach Mór.

Bíonn iarratais déanta ar bhonn leanúnach don Roinn Comhshaoil le haghaidh mhaoiniú chun na fearais atá ann i láthair na huaire a aistriú. Lorgaíodh agus fuarthas cead i 2008 d'fhearas dóiteáin breise agus tá sé seo á thógáil faoi láthair agus tá sé le bheith seachadta i 2009.

Tugadh cead i bprionsabal ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil chun stáisiún tine nua a thógáil ins an Fear Bán.

## TRAENÁIL

Is é polasaí an Seirbhís Dóiteáin deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann gach trodaí agus gach oifigeach dóiteáin an traenáil is nua-aimsire agus is cuimsithí chun an chaoi a thabhairt dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhonn éifeachtach, tapaigh agus sábháilte. Bhíodar seo a leanas san áireamh ins na Cúrsaí / an Traenáil gur fhreastalaíodh orthu i 2008:

- Traenáil athnuachana fearas anála do gach trodaí dóiteáin
- Traenáil ó Theagascóirí Saineolacha do gach Tiománaí
- Feidhmiú agus Cothabháil Caidéal
- Córas Ceannasaíochta Eachtra
- Meabhraíocht ar Éigeandála Móra
- Cúrsaí do Oifigigh Shóisearacha
- Cúrsaí Innealtóireachta & Ceannasaíochta Dóiteáin do Oifigigh Sinsearacha
- Iompar le linn Dóiteán in Árasáin

Bhí dífhibrileoirí soláthraithe ins an chuid is mó des na stáisiúin tine, agus soláthraíodh traenáil chun iad a úsáid. Bhíodar seo soláthraithe i dteannta le FSS mar chuid de Chlár Chéad Fhreagróra an Phobail.

Bhí Áis Traenála Fearas Anála críochnaithe le linn 2008 agus bhí sé ag feidhmiú le haghaidh traenála le linn na bliana. Tá lóistín agus trealamh coimhdeach ar bun anois chun tacaíocht a thabhairt don áis.

## COSC DÓITEÁIN

### NA RUDAÍ GO MBÍONN AN POBAL AG SÚIL LEO Ó SHEIRBHÍS DE ARD-CHAIGHDEÁN

Tá athrú sonrach ar na rudaí go mbíonn an pobal ag súil leo ó sheirbhís de chaighdeán ard. Tá Sábháilteacht/Cosc Dóiteáin tar éis fás le roinnt blianta anuas le tabhairt isteach reachtaíocht nua agus rialacháin smachta tógála. Tá an obair seo déanta den gcuid is mó ag Oifigigh Shinsearacha na Seirbhíse. Tá an tSeirbhís Dóiteáin oirirc, ach go háirithe, maidir le seo de bharr feachtais fógraíochta, meabhraíocht sábháilteachta dóiteáin méadaithe agus reachtaíocht fhorásach. Tugadh comhairle sábháilteachta dóiteán do scoileanna, do bhainisteoirí tionóil agus a bhfoireann le linn 2008. Cabhraíodh le bainisteoirí agus le foireann foirgnimh tionsclaíoch agus trádála, chomh maith, chun gnáthaimh shábháilteachta a eagrú. Bhain an tseirbhís tairbhe, chomh maith, as "seimineáir" ag céim aistrithe tithe an údaráis áitiúil chun teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin a sheachadadh go húinéirí nua tí. Bualadh le Grúpaí Gníomhaíochta Pobail agus tugadh comhairle sábháilteachta dóibh. Tugadh cuairt ar gach 3ú rang i mbunscoileanna an chontae i 2008 agus tugadh eolas sábháilteachta dóiteáin do mhic léinn mar chuid de chlár sábháilteachta dóiteáin an phobail náisiúnta.

### ACHT NA SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN 1981

Cuireann Rannóg 18 den Acht seo cúram sonrach ar na hÚdaráis Dóiteáin cigireachtaí a dhéanamh, laigí agus oibreacha leasaithe go bhfuil gá leo a liostáil, cabhrú le cláir thraenála na foirne agus eolas a thairiscint d'úinéirí foirgnimh. Bhí 239 cigireacht déanta ag 173 foirgneamh difriúla i 2008.

## TEASTAIS SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

Tá Teastais Sábháilteachta Dóiteáin mar chuid tábhachtach anois d'ualach oibre na Seirbhíse de bharr méid na n-iarratas atá ag dul i méid i dteannta le castacht na n-iarratas. Cuireadh 104 Iarratas Teastais Sábháilteachta Dóiteáin faoi bhráid na Seirbhíse Dóiteáin le haghaidh mheasúnú agus tuairisciú i 2008. Tá a lán ama caite le comhairliúcháin agus le cainteanna réamh-aighneachta le dearthóirí agus le iarrthóirí.

## BAINISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA MÓIRE

I dteannta le húdaráis áitiúla i réigiún Bainistíochta Éigeandála Móire Lár na Tíre, bhí na Gardaí Síochána, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Chontae Uíbh Fháilí gafa le seachadadh Plean Éigeandála Réigiúnach Mór a ullmhaíodh i 2008.

D'ullmhaíodh Plean Éigeandála Mór Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí i gcomhréir leis an gCreatlach Náisiúnta do Bhainistíocht Éigeandála Móire, agus tugadh isteach é agus d'ullmhaíodh é i Meán Fhómhair 2008.

| TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE: Do 2008 | | |
|---|---|---|
| **F.1** | **Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin** | |
| **A** | Méid ama a thóg sé i nóiméid, ar an meán, na briogáidí dóiteáin a shlogadh i stáisiúin lán aimseartha maidir le dóiteán | n/a |
| **B** | Méid ama a thóg i nóiméid, ar an meán, na briogáidí dóiteáin a shlogadh i stáisiúin páirt aimseartha (seirbhís dóiteáin coinnithe) maidir le dóiteán | 5.71 |
| **C** | Méid ama a thóg sé i nóiméid, ar an meán, na briogáidí dóiteáin a shlogadh i Stáisiúin Lár-Aimseartha maidir le gach eachtra éigeandála eile | n/a |
| **D** | Méid ama a thóg sé i nóiméid, ar an meán, na briogáidí dóiteáin a shlogadh i Stáisiúin Páirt-Aimseartha (seirbhís dóiteáin coinnithe) maidir le gach eachtra éigeandála eile | 5.84 |
| **F.2** | **Fán gCéad Láithreachta ag Eachtra** | |
| **A** | Fán gcéad na gcásanna maidir le dóiteán go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra laistigh de 10 nóiméad | 47.66 % |
| **B** | Fán gcéad na gcásanna maidir le dóiteán go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra níos mó ná 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 38.49% |
| **C** | Fán gcéad na gcásanna maidir le dóiteán go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra níos mó ná 20 nóiméad | 13.85% |
| **D** | Fán gcéad na gcásanna maidir le gach eachtra éigeandála eile go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra laistigh de 10 nóiméad | 37.78% |
| **E** | Fán gcéad na gcásanna maidir le gach eachtra éigeandála eile go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra níos mó ná 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 49.63% |
| **F** | Fán gcéad na gcásanna maidir le gach eachtra éigeandála eile go raibh an chéad láithreacht ag an eachtra níos mó ná 20 nóiméad | 12.59% |
| **F.3** | **Cosc Dóiteáin** | |
| **A** | Méid iomlán na n-iarratas sábháilteachta dóiteáin a fuarthas | 104 |
| **B** | Méid iomlán na n-iarratas do theastais sábháilteachta dóiteáin próiseáilte (le cásanna a bhí neamhbhailí san áireamh) | 114 |
| **C** | Méid iomlán na n-iarratas go rabhadar neamhbhailí | 4 |

## *COSAINT SIBHIALTA UÍBH FHÁILÍ*

Lean an Chosaint Sibhialta in Uíbh Fháilí le gnéithe éagsúla traenála i 2008. Dhein na deonaithe staidéar air agus thógadar cúrsaí C.F.C. (Céad Freagróir Cairdiach) go rafar, agus faoi láthair táid ag ullmhú dá scrúdaithe G.G. (Garchabhair Gairme) le freastal an-ard ann. Le linn na bliana ath-suífidh gach ball a scrúdaithe dífhibrileora, chun a cháilíocht chuí a chothabháil, i dtreo is go leanfaidh siad lena nDualgas Leighis/Garchabhrach le linn na bliana reatha.

Thug duine dár mball foirne S.D.C. (Seirbhís Dóiteáin Coimhdeach) aghaidh ar a chúrsa, mar Theagascóir in S.D.C. Bhí an cúrsa seo ar siúl i gCorcaigh ar feadh tréimhse dhá seachtaine, agus tá teastas de chuid Chomhairle Dóiteáin na hÉireann, agus bhain sé amach marc an-ard.

Sholáthar ár bhfoirne Chosanta Sibhialta clúdach don a lán dualgas, agus tacaíocht loighciúil don a lán ócáidí pobail mórthimpeall an Chontae le linn na bliana agus ina measc bhí siúlóid na h-Athbhliana de chuid Ramblers Cill Chormaic; paráidí Lá Le Pádraig i gClóirtheach, i gCill Chormaic agus sa Tulach Mór; Féile Phoenix an Tulaigh Mhóir; Seachtain Seanré Bhiorra; Triail Gearrchapall Annaharvey; Fleadh Cheoil na Éireann. Cuireadh méid mór acmhainní ar fáil do fháilte abhaile roimh an Taoiseach go dtí an Tulach Mór agus go Clóirtheach.

Bhí an Chosaint Sibhialta ar dhualgas, chomh maith, ar feadh dhá lá le linn na dtuilte, ag obair i gcomhair leis an Seirbhís Dóiteáin, agus fuaireadar litreacha buíochais ó eagraíochtaí éagsúla.

Ghlac baill ó Chosaint Sibhialta Uíbh Fháilí páirt, chomh maith, agus sholáthraíodar clúdach dualgais don dTuras Míleata Idirnáisiúnta go Lourdes, clúdach dualgais mór don Uachtarán Mary Nic Giolla Íosa, agus bhí litir buíochais seachadta óna h-oifig ag gabháil bhuíochais don bpearsanra uile a bhí páirteach ann.

Is féidir le haoinne go bhfuil suim acu páirt a ghlacadh san Chosaint Sibhialta teagmháil a dhéanamh le Oifigeach an Chosaint Sibhialta, ag an Stáisiúin Dóiteáin Lárnach an Tulaigh Mhóir.




*Taoiseach, Mr. Brian Cowen, T.D., Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, 10ú Bealtaine 2008*

## FEIDHMEANNA

Táid seo a leanas san áireamh i Rannóg na Seirbhísí Chorparáideacha:-

- Tacaíocht a thabhairt do shainordú daonlathach na mball tofa.
- Saincheadúnas agus córas toghcháin sásúil a chothabháil ag leibhéal áitiúil.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil an cleachtas is fearr i bhfeidhm faid is atáthar ag slándáil luach as an airgead i mbainistíocht agus i gcothabháil sealúchas corparáideach.
- Deontais Ard Oideachais a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtach.
- Tionscnaimh a fhorbairt chun meabhraíocht tras-rannach a mhéadú agus ionchur i bhforbairt na bpolasaithe corparáideacha.
- Cumarsáid a fheabhsú go hinmheánach agus go heachtrach i gcás gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Feidhm thábhachtach de Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha é soláthar seirbhís rúnaíochta do chruinnithe an Chomhairle Chontae. Bhí Cruinniú Bhliantúil de chuid na Comhairle ar siúl in Ionad Oidhreachta agus Ealaíona an Fhéir Bhán ar an 16ú Meitheamh 2008. Bhí an Comhairleoir Barry Cowen tofa mar Chathaoirleach agus bhí an Comhairleoir John Carroll tofa mar Leas Chathaoirleach. Tá 21 Comhairleoir i gComhairle Chontae Uíbh Fháilí. Buaileann an Chomhairle le céile de ghnáth ar an dtríú Luan de gach mí, seachas Mí Lúnasa. Ina theannta bíonn Cruinniú Buiséid Bhliantúil agus Cruinniú Bhliantúil ar siúl.

### Grúpa Polasaí Corparáideach (G.P.C.)

An Comhairleoir Barry Cowen, Cathaoirleach
An Comhairleoir Danny Ovens, Cathaoirleach – CAS Eacnamaíochta, Pleanála & Forbartha
An Comhairleoir Tony McLoughlin, Cathaoirleach – CAS Bóithre & Bonneagar
An Comhairleoir Thomas McKeigue – CAS Comhshaoil.
An Comhairleoir Sinead-Moylan, Cathaoirleach – CAS Tithíochta, Sóisialta & Cultúrtha.

Bhuail an Grúpa Polasaí Corparáideach le chéile 11 uair le linn 2008.

### Coistí Polasaí Straitéiseacha (C.P.S.)

Tá ceithre Choiste Polasaí Straitéiseacha in Uíbh Fháilí déanta suas des na baill seo a leanas:

***Comhshaoil (9 mball)*:** Na Comhairleoirí Thomas McKeigue (Cathaoirleach), Percy Clendennen, Gerard Killally, Eddie Fitzpatrick, Eamon Dooley, Michael Loughnane, Mr. Joe Gaffey, Ms Anne Fahey, and Ms Teresa Ryan-Feehan.

***Iompar & Bonneagar (9 mball):*** Na Comhairleoirí Tony McLoughlin (Cathaoirleach), Noel Bourke Michael Fox, Constance Hanniffy, Peter Ormond, Paddy Rowland, (Vacant), Man t-Uas. Noel Healion, An t-Uas. Hugh Farrell.

***Tithíocht, Sóisialta & Cultúrtha (9 mball):*** Comhairleoirí Sinead Moylan-Ryan (Cathaoirleach), John Carroll, Molly Buckley, Marcella Corcoran-Kennedy, Fergus McDonnell, Richard Egan, Ms Susan Ryan, Ms Barbara Daly, Ms Anne Starling.

***Forbairt & Pleanáil Eacnamaíochta (11 ball):*** Na Comhairleoirí Danny Owens, (Cathaoirleach), Thomas Feighery, Dervill Dolan, Barry Cowen, , Johnny Butterfield, John Foran, Noel Cribben, Henry O'Shea, An t-Uas. Sean Loughnane, An t-Uas. Dominic Doheny, An t-Uas. Aidan Larkin.

**ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANTA DO BHAILL I 2008**

| **Ainm** | **Íocaíocht Ionadaíochta €** | **Liúntas Míosúil €** | **Liúntas CAS an Chathaoirligh** | **Costais Comhdhála €** | **Liúntas an Chathaoirligh €** | **Taisteal Eachtrach €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Noel Bourke | 17,604 | 6.233.88 | | 3,287.64 | | |
| Molly Buckley | 17,604 | 4,987,04 | | 5,022,36 | | |
| Johnny Butterfield | 17,604 | 4,987.04 | | 3,316.54 | | |
| John Carroll | 17,604 | 6,545.60 | | 4.620.22 | | |
| Percy Clendennen | 17,604 | 5,818.27 | | 5.913,36 | | |
| Marcella Corcoran-Kennedy | 17,604 | 6,545.60 | | 6,504.07 | | |
| Barry Cowen | 17,604 | 4,987.04 | | Nil | 15,315.01 | 3923.24 |
| Dervil Dolan | 17,604 | 4,987.04 | | Nil | | |
| Eamon Dooley | 17,604 | 5,818.27 | | 4,592,45 | 13,089.95 | 7039.72 |
| Thomas Feighery | 17,604 | 5,298.75 | | 3.624.63 | | |
| Eddie Fitzpatrick | 17,604 | 5,402.65 | | 5,189.31 | | |
| John Foran | 17,604 | 6,233.88 | | Nil | | |
| Michael Fox | 17,604 | 4,987.04 | | 4,020.63 | | |
| Connie Hanniffy | 17,604 | 5,818.27 | | 4,301,91 | | |
| Gerard Killally | 17,604 | 6,129.98 | | 4,512.33 | | |
| Fergus McDonnell | 17,604 | 6,441.69 | | 3,405.55 | | |
| Tommy McKeigue | 17,604 | 4,987.04 | 6,000 | 2,411.97 | | |
| Tony McLoughlin | 17,604 | 6,337.79 | 6,000 | Nil | | |
| Sinead Moylan Ryan | 17,604 | 7,272.92 | 6,000 | 3,015.43 | | |
| Peter Ormond | 17,604 | 7,584.64 | | 3,844.69 | | |
| Danny Owens | 17,604 | 4,987.04 | 6,000 | 4,763.20 | | |
| **Iomlán** | **€369,684** | **€122,391.47** | **€24,000** | **€72,346.29** | | |

**COMHDHÁLACHA CEADAITHE DO CHOMHAIRLEOIRÍ FREASTAL ORTHU I 2008**

| Comhdháil | Dáta Na Comhdhála | Méid na mBall |
|---|---|---|
| Léiriú an "Atlantic Way" | 25ú Eanáir 2008 | 1 |
| Coimre Tionsclaíoch Réigiúnach Thoir & Lár na Tíre Fáilte Éireann | 5ú Feabhra 2008 | 1 |
| Pleanáil do Fhuinneamh Inathnuaite | 7ú/8ú Feabhra 2008 | 1 |
| Seimineár CUCE | 15ú/16ú Feabhra 2008 | 2 |
| Turasóireacht Aontroma – "40 Shades Of Green" | 1ú/2ú Feabhra 2008 | 1 |
| Seimineár Bhliantúil an Earraigh CCUA | 27ú /28ú Márta 2008 | 8. |
| TASC & Seimineár Chomhairle Mhná Náisiúnta | 5ú/6ú Márta 2008 | 1 |
| C.C.C.C. | 6ú/8ú Márta 2008 | 5 |
| Seimineár Earraigh Bhliantúil CCUA | 27ú/28ú Márta 2008 | 8. |
| Comhdháil Pleanála Náisiúnta | 2ú/4ú Aibreán | 1 |
| Todhchaí Lár na hÉireann, bagairtí agus deiseanna | 4ú Aibreán 2008 | 1 |
| An áit le dul anois do Thithíocht Tuaithe | 9ú Aibreán 2008 | 1 |
| 1916 Réabhlóid ar Fheall | 19ú Aibreán 2008 | 3 |
| Seimineár Pleanála do Chomhairleoirí | 25ú/26ú Aibreán 2008 | 1 |
| Seoladh Gréasán Náisiúnta de Pháirtíocht Áitiúil Spóirt | 23ú Aibreán 2008 | 1 |
| Seimineár BMW | 1ú Bealtaine 2008 | 2 |
| Rialtas Áitiúil & an Timpeallacht | 16ú-18ú Bealtaine 2008 | 2 |
| Seimineár Pleanála Ceantair Comhtháite | 26ú Bealtaine 2008 | 4 |
| Seimineár Seirbhíse Tithíochta an Rialtais Áitiúil | 6ú/8ú Meitheamh 2008 | 1 |
| Comhdháil Bhith-fhuinnimh | 19ú Meitheamh 2008 | 3 |
| Comhairliú CNOE | 24ú Meitheamh 2008 | 1 |
| Siompóisiam JFK | 28ú / 29ú Meitheamh | 1 |
| 6ú Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta | 29ú Meitheamh/4ú Iúil 2008 | 1 |
| Pleanáil an Rialtais Áitiúil | 4ú/6ú Iúil 2008 | 1 |
| Seimineár Traenála Dhún na Séad do Chomhairleoirí | 4ú/ 5ú Iúil 2008 | 2 |
| Féile Scannán na Gaillimhe | 10ú /13ú Iúil 2008 | 1 |
| Scoil Samhraidh McGill | 12ú /19ú Iúil 2008 | 1 |
| Scoil Samhraidh William Carlton | 4ú /8ú Lúnasa 2008 | 2 |
| Scoil Samhraidh Parnell | 10ú /15ú Lúnasa 2008 | 3 |
| An Rialtas Áitiúil & Forbairt Eacnamaíochta Inchothaithe | 23ú /25ú Lúnasa 2008 | 2 |
| Comhdháil CUCE | 10ú /13ú MF | 5 |
| Comhdháil Bhliantúil Staidéar Folklife | 18ú /21ú MF | 4, |
| "Getting a Grip" 2008 | 2ú /3ú DF | 4 |
| Seimineár Oidhreachta La Touche | 3ú /5ú DF | 4 |
| An Rialtas Áitiúil i leith ár Seirbhísí Uisce a Chosaint | 9ú /11ú DF | 1 |
| Comóradh na mBlascaod | 10ú /12ú DF 2008 | 1 |
| Seimineár Saoráil Faisnéise | 10ú /11ú DF 2008 | 1 |
| Airgeadú an Údaráis Áitiúil | 16ú /18ú DF 2008 | 5 |
| 21ú Comhdháil Dubhghlas de h-Íde | 17ú /19ú DF 2008 | 6 |
| Dorchla an Atlantaigh | 23ú DF 2008 | 1 |
| Comhaontas Aoine an Chéasta | 24ú /25ú DF | 1 |
| Buiséad an Rialtais Áitiúil | 31ú DF/1ú Sam 2008 | 2 |
| Comhdháil Suífinn | 4ú /5ú Nov | 1 |
| Gaoil Poiblí & Cumarsáid | 14ú /17ú Sam 2008 | 1 |
| Comhdháil Bhliantúil ARE | 20ú /21ú Sam 2008 | 1 |
| An Rialtas Áitiúil Ag Cosaint Ár Seirbhísí Uisce | 21ú /23ú Sam 2008 | 2 |
| Comhdháil Geimhridh CCUA | 25ú /27ú Sam 2008 | 6 |
| Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta | 28ú /30ú Sam 2008 | 1 |
| Comhdháil Turasóireachta an Chláir | 27ú /29ú Sam 2008 | 6 |
| Gan Dídean in Éirinn | 5ú /6ú 2008 | 1 |

## SAORÁIL FÁISNÉISE

Bé méid na n-iarratas a fuarthas i 2008 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 – 2003 ná:

- Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí 23 iarratas.
- Ní bhfuair Comhairle Chontae Bhiorra aon iarratas.
- Ní bhfuair Comhairle Bhaile an Tulaigh Mhóir aon iarratas.
- Ní bhfuair Comhairle Bhaile Éadan Doire aon iarratas.

## FEAR AN PHOBAIL

Fuair Fear an Phobail 10 ngearán i 2008 maidir le Comhairle Chontae Uíbh Fháilí.

## ROLLA NA DTOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh Rolla na dToghthóirí ar an 1ú Feabhra agus chuaigh sé i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra

Bé méid iomlán na dtoghthóirí do Chontae Uíbh Fháilí ar Rolla na dToghthóirí 2008/2009 ná 55,392 agus iad briste síos trasna na ceantair toghchánacha mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Biorra | 10,233 |
| Éadan Doire | 14,719 |
| An Féar Bán | 11,781 |
| An Tulach Mór | 18,659 |
| *Méid iomlán ar an Rolla* | *55,392* |

## DEONTAIS ARD OIDEACHAIS

Bé iomlán na nDeontas Ard Oideachais a bronnadh ins an bhliain acadúil 2007/2008 ná 155, le 266 mac léinn ina iomlán ag cáiliú do dheontas athnuachana.

Caitheadh €2,128,117 ar Dheontais Ard Oideachais ins an tréimhse. Is féidir an t-airgead seo d’fháil ar ais ón Roinn Oideachais & Eolaíochta, seachas ranníocaíocht socraithe atá déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí. Is seirbhís é riaradh na scéime atá soláthraithe ag an gComhairle do mhic léinn agus do thuismitheoirí i gContae Uíbh Fháilí.

## CRÓINÉIR AN CHONTAE

Bé méid iomlán an chaiteachais i 2008 ná €71,001.42 (le tuarastal san áireamh) maidir le athbhreithniú cróinéirí.

## FEIDHM INIÚCHTA INMHEÁNACH

Bunaíodh an Choiste Iniúchta le rún na Comhairle i Márta 2008. Bhí na baill eachtracha ceadaithe ag an gComhairle ag ainmniúchán an Bhainisteora. Tá ceapacháin don gCoiste ar feadh tréimhse na Comhairle tofa, leis na coistí a thagann ina dhiaidh san le bheith bunaithe laistigh de thrí mhí iar chéad chruinniú na Comhairle nua. Tá an Coiste Iniúchta i gComhairle Chontae Uíbh Fháilí déanta suas de chúig bhall: An t-Uas. Peter Scully, Cathaoirleach an Choiste; An t-Uas. Brian Gunning; An t-Uas. Paddy Hughes agus na Comhairleoirí Tom Feighery agus Connie Hanniffy.

Tá ról ag an gCoiste Iniúchta ag cur chun cinn dea-chleachtais cuntasaíochta, ag deimhniú breitheanna níos fearr agus níos eolasach agus ag feabhsú an fhócais ar luach as an airgead ins an eagraíocht uile. Tugann sé tacaíocht, chomh maith, d'obair an Aonaid Iniúchta inmheánaigh agus tugann sé comhairle do Bhainisteoir an Chontae maidir le feidhmiú agus le forbairt an Aonaid san.

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Déanann na Seirbhísí Chorparáideacha comhordú ar aischur bhliantúil na sonraí do Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil bunaithe ar an 42 Táscaire Seirbhíse do 2007. D'éascaigh an rannóg seo, chomh maith, cuairt i Mí an Mheithimh ó bhall den bpainéal Measúnaithe Neamhspleách chun dearbhú a dhéanamh ar na haischur ar roinnt táscairí ó Thithíocht, ó Phleanáil agus ón dTimpeallacht agus ar shonraí ós na Comhairlí Baile.

## CUR I LÁTHAIR:

### BAILL AN OIREACHTAIS

Bhuail an Fhoireann Bhainistíochta le baill ón Oireachtas in Aibreán agus i Mí Meán Fhómhair 2008. Bhí an cur i láthair comhordaithe ag an rannóg.

### GRÚPA COMHLÍONTA DEARBHAITHE

Ghlac an fhoireann páirt, chomh maith, agus chabhraíodar le hullmhú an cur i láthair don nGrúpa Comhlíonta Dearbhaithe.

## TEACHT AR NA SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE LE MÍCHUMAS ORTHU

Críochnaíodh Iniúchtaí Rochtana do bhailte, do shráidbhailte agus d'fhoirgnimh poiblí mórthimpeall an Chontae déanach i 2007. Tugadh tosaíocht d'obair mholta a tháinig as na h-iniúchtaí seo i 2008 agus bhí roinnt oibreacha a bhí rangaithe mar *Thosaíocht 1* críochnaithe. Bhí Plean Cur i bhfeidhm Rochtana críochnaithe ag an Fhoireann Rochtana. Bhí iniúchadh ar ár gcuid Eolais agus Seirbhísí críochnaithe, chomh maith. Cuireadh coiste comhairlithe le chéile déanta suas de dhaoine le míchumas orthu le cabhair na foirne ó Phobal & Fiontar agus bhuail an coiste le chéile dhá uair faid is a bhíodar ag ullmhú an Phlean Rochtana.

## TACAÍOCHT DO PHÁIRTÍOCHT SAN LÁTHAIR OIBRE

Bhuail Coiste Páirtíochta an Láthair Oibre le céile 12 uair i 2008. D'athraigh ballraíocht an choiste mar seo a leanas le linn na bliana: -

Thóg Ms. Bridget Nee áit Ms. Geraldine Flattery mar ionadaí IMPACT ar an gCoiste i Márta 2008; D'éirigh An t-Uas. Brendan Clarke as an gCoiste i Samhain 2008 agus thóg An t-Uas. Joe Coleman a áit, mar ionadaí SIPTU – LAPO ar an gCoiste. Bhí Brendan mar dhuine des na daoine a bhunaigh an Coiste Páirtíochta in Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí agus d'fhriotháil sé ar an gCoiste ón am a thosaigh

sé in Eanáir 2000.
Ghlac An t-Uas. Paul Devaney ballraíocht san gcoiste mar ainmní na bainistíochta.

Lean an Coiste Páirtíochta lena chuid cainteanna ar Thuairiscí de chuid dhá Ghrúpa Oibre a seachadadh don gCoiste i Nollaig 2007, siad san **Athbhreithniú ar Pholasaithe Cothromaíochta an tSaoil Oibre** agus **Athbhreithniú ar na h-Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal.** Thug Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí Uaireanta Cloig nua Oscailte Poiblí isteach ar an 3ú Meitheamh 2008.

Bhunaigh an Coiste Páirtíochta Grúpa Oibre breise chun **Athbhreithniú ar an Scéim Fleisc-Am** a sheoladh agus bhuaileadar le chéile 8 n-uaire idir Bhealtaine agus Iúl agus táid ag leanúint lena gcuid oibre le Rannóg na nAcmhainní Daonna ag bunú **an tSeirbhís Tacaíochta do Fhostaithe** leis an aidhm an tSeirbhís a sheoladh go luath i 2009.

Bhí baill an Choiste gafa le hullmhú an chur i láthair don Ghrúpa Comhlíonta Dearbhaithe in Aibreán 2008.

Bhí dhá chruinniú de chuid an Grúpa Ard Leibhéal faoin bprótacal **'Ag Láimhseáil Athrú Mhóir trí Pháirtíocht'** ar siúl in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2008.

D'fhormhuinigh an Coiste Páirtíochta an **Plean Traenála agus Forbartha 2008;** do forbraíodh an Plean i dteannta leis an *Straitéis Traenála agus Forbartha 2007 – 2009.*

Mhol na measúnóirí éiteas Páirtíochta na heagraíochta go mór don **Duais Ard Fhiúntas Trí Dhaoine** a bhronn FÁS do Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí i Meitheamh 2008.

## FÁILTIÚ SIBHIALTA

Bhí Fáiltiú Sibhialta chun onóir a thabhairt don dTaoiseach, An t-Uas. Brian Cowen, T.D. ar siúl ar an 10ú Bealtaine ag Áras an Chontae.



*An Taoiseach, An t-Uas. Brian Cowen, T.D., Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, 10ú Bealtaine 2008*

# *CÓRAIS EOLAIS*

Chuir Roinn na gCóras Eolais chun cinn roinnt eilimintí tábhachtacha de Straitéis TFC na Comhairle le linn 2008. B' iad na cinn ba mó díobh seo:-

- Plean Cur i bhfeidhm cuimsitheach a fhorbairt do rolla amach feidhm Náisiúnta HR/Pá Rolla/Aoisliúntas a bheidh á chur i bhfeidhm le linn 2009.
- Maoiniú an Rialtais de thimpeall €1.6m a shlándáil, faoi Scéim Réigiúnach an Leathanbhanda, chun Gréasán Ceantair Uirbeach Éadan Doire a chríochnú. Bhí conraitheoir ceaptha i 2008 agus tá an tionscnamh le bheith críochnaithe go luath i 2009.
- Críoch le h-iniúchadh Fuinnimh Ghlais dár n-áiseanna TFC féin agus as na torthaí uaidh sin cruthófar bunús an tionscnaimh Fhriothálaí Fhíorúil mholta agus seoladh an teicneolaíocht Sábhála Cumhachta i 2009.
- Críochnú Céim 1 de áis Athshlánaithe Tubaiste TFC ag an CC Dóiteáin go bhfuil cóipeanna suas chun dáta d'iarratais bunachar sonraí criticiúla na heagraíochta go léir ann.
- Cur i bhfeidhm áis mhapála G-Plean ar www.offaly.ie
- Cur i bhfeidhm píolótach de OffalyEYES, córas logála locht inmheánach a cuireadh le chéile agus a forbraíodh go hinmheánach.



*Dealbhóireacht i dTalamh Páirce Loch Borra cruthaithe ag Patrick Doherty*

## FEIDHMEANNA

Tá earcaíocht agus coinneáil foirne, pleanáil san láthair oibre, leas na foirne, scor na foirne, caidreamh idir fhostaithe, caidreamh tionsclaíoch, traenáil agus forbairt agus comhlíonadh bainistíochta i gceist le feidhmeanna an Rannóg Acmhainní Daonna. Is é aidhm na rannóige seo cabhrú le gach Údarás Áitiúil de chuid Uíbh Fháilí aidhmeanna na heagraíochta a sheachadadh, agus ag an am gcéanna le féidearthacht gach ball den fhoireann a fhorbairt.

Bhuail an Fhoireann Bhainistíochta le Ceardchumainn áitiúla i nDeireadh Fómhair chun plé agus imlíniú a dhéanamh ar impleachtaí ciorclán an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a dúirt go raibh na Comhairlí uile le bheith ag laghdú a gcostais pá rolla 3%. Thacaigh Acmhainní Daonna le baill aonarach na foirne agus le cumainn faid is a bhíodar ag cur i bhfeidhm na modhanna éilithe.

## EARCAÍOCHT

Déanann an Roinn A.D. maoirseacht ar earcú na foirne i gComhairle Chontae Uíbh Fháilí agus i gComhairlí Baile Biorra, Éadan Doire agus an Tulaigh Mhóir. Bhí 18 comórtas ar siúl i 2008 chun agallamh a dhéanamh ar iarrthóirí chun folúntais seasta agus sealadacha a líonadh ins na húdaráis. Roghnaíodh boird agallaimh neamhspleácha chun na hiarrthóirí is oiriúnaí a mholadh le haghaidh fostaíochta nó ardú céime i gcomhréir leis na rialacháin náisiúnta.

| Staitisticí Earcaíochta | |
|---|---|
| Méid na gcomórtas earcaíochta a bhí ar siúl i 2008 | 18 |
| Méid na n-iarratas faighte | 662 |
| Méid na foirne ceaptha | 55 |

## TRAENÁIL AGUS FORBAIRT

***Barr Feabhais Trí Dhaoine***

Bhain Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí amach caighdeán creidiúnaithe FÁS *Barr Feabhais Trí Dhaoine* ina gcéad iarracht i Meitheamh 2008. Bhuail measúnóirí FÁS le thart ar seachtó fostaí le linn an phróisis agus bronnadh marc iomlán de 87% ar an gComhairle. Déanadh scrúdú sonrach ar ocht n-achair ghnó:-

- Pleanáil Gnó agus Feabhsú Caighdeáin
- Cumarsáid Éifeachtach agus Rannpháirtíocht na nDaoine
- Pleanáil na Foghlama agus na Forbartha
- Traenáil agus Foghlaim Fad Saoil
- Athbhreithniú ar an Fhoghlaim
- Earcú agus Roghnú
- Leas na Foirne

Chabhraigh an próiseas feidhme *Barr Feabhais Trí Dhaoine* na Córais Forbartha Chomhlíonta Bainistíochta (CFCB) a chur i bhfeidhm a tugadh isteach san Údarás i 2007.

Bhí sa bhreis ar 250 cúrsa traenála agus forbartha seachadta le linn 2008. Tugadh tosaíocht do thraenáil Sláinte agus Sábháilteachta agus tá gach traenáil forbartha agus seachadta le cúram custaiméara agus seachadadh seirbhíse ag a gcroílár. Tá traenáil na foirne dírithe orthu seo a leanas:

- Cúram Custaiméir agus Seachadadh Seirbhíse
- Scileanna Sonracha don bPost
- Riachtanais na hEagraíochta
- Forbairt Phearsanta

Ghríosaigh agus chabhraigh an Rannóg Acmhainn Daonna le 45 fostaí chun cúrsaí oideachais tríú leibhéal cuí breise a dhéanamh.

Lean Comhairle Chontae Uíbh Fháilí lena cuid oibre ar Scéim Socrúcháin Oibre do mhic léinn i scoileanna agus i gcoláistí le deis á thabhairt do mhic léinn oibriú in aicmí éagsúla des na húdaráis áitiúla. Tá an scéim seo tairbheach do mhic léinn trí chabhrú leo a riachtanais cúrsa a bhaint amach trí thaithí oibre cuí a fháil.

**LEAS NA FOIRNE**

Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fháilí an fhoireann mar an acmhainn is tábhachtaí acu agus leanann siad orthu tionscnaimh chothromaíochta oibre/saoil a chur chun cinn trí sholáthar Scéim Sos Gairme; Scéim Roinnte Oibre; Scéim Shosa do Thuismitheoirí; Scéim Shosa Am Théarma; Fleisc-Am.

Bunaíodh Clár Cúnaimh do Fhostaithe i gcomhar le Coiste Páirtíochta an Láthair Oibre. Ceapadh beirt Chomhairleoir Thacaíochta do Fhostaithe agus meastar go mbeidh an scéim á seoladh go hoifigiúil i 2009.

**AR SCOR**

D'éirigh an fhoireann seo a leanas as le linn 2008 tar éis a lán blianta de sheirbhís diongbháilte do mhuintir Uíbh Fháilí:

| | |
|---|---|
| Ray Kennedy, Saoiste/Leath Oilte 11 | John Mellsop, Trodaí Tine Coinnithe |
| Ray Carroll, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir | Anne Coughlan, Leabharlannaí Chontae |
| Michael de Forge, Maor Baile, Biorra | Patrick O'Neill, Bailitheoir Cánach |
| Denis Cunningham, Príomh Oifigeach Dóiteáin | Joseph Rabbette, Uisce & Séarachas |
| Liam Hennessy, Oifigeach Sinsear Foirne | |

**TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE**

| | |
|---|---|
| C.1 Fán gcéad na laethanta oibre caillte de bharr scor breoiteachta trí scor le teastas agus gan teastas. | 5.05% |
| C.2 Caiteachas ar Thraenáil agus ar Fhorbairt mar % de Chostais Pá Rolla Iomlán | 6.75% |

## ROCHTAIN

Cuireadh rochtain ar sheirbhísí na leabharlanna chun cinn le leathnú na n-uaireanta cloig oscailte ag Leabharlann an Daingin ó 12 uaire chloig go 15 uaire chloig. D'ardaigh sé seo méid na n-uaireanta cloig oscailte sa t-seachtain i leabharlannaí timpeall an chontae go 201.5 uaireanta cloig.

**Leabharlann Chlóirthí**
Thosaigh obair ar athnuachan Leabharlann Chlóirthí agus ar Ionad Léiritheach Portaigh nua Chlóirthí i Lúnasa. Soláthraíodh áiseanna leabharlanna sealadacha ag an gCearnóg, Clóirtheach.

**Leabharlannaí Ar-Líne**
Mhéadaigh úsáid feidhmeanna ríomhaireachta 53% ó fhigiúr 2007. Bhí úsáid fhorleathan de rochtain idirlín an leathanbhanda ar fáil ins na leabharlannaí uile timpeall an Chontae, ach, ní raibh an úsáid chomh mór is a bhí sé i 2007. Tá Seirbhís Leabharlanna an Chontae ullamh go maith anois chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhísí ar líne le e-rialtas san áireamh de bharr go bhfuil gréasán de 53 pointe idirlín poiblí timpeall an chontae.

**Seirbhís Leabharlanna na Scoileanna**
Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa bhreis ar €43,000 le haghaidh stoc a cheannach do bhunscoileanna. Soláthraíonn Roinn Scoile Seirbhís Leabharlanna an Chontae seirbhísí leabharlanna do sa bhreis ar 9,500 leanbh ins an 68 mbunscoil. Thug foireann na leabharlanna cuairt ar gach scoil chun seirbhísí a chur chun cinn agus a soláthar. Tá na leabhair roghnaithe go cúramach ag foireann an Roinn Scoile chun riachtanais na scoile aonaraí a shásamh. Tugann a lán múinteoirí cuairt ar Roinn Leabharlanna na Scoile, chomh maith, agus éascaítear iad ag déanamh a rogha féin agus tugtar comhairle dóibh faoin réimse acmhainní ar fáil.



*Leanaí ag roghnú leabhar le linn cuairt ó Sheirbhís Leabharlann Scoile Chontae Uíbh Fháilí chuig a scoil.*

**Cultúr agus Cláir Fhor-Rochtana**

Chuir foireann Seirbhís Leabharlanna an Chontae tús leis, dhearnadar bainistíocht air agus ghlacadar páirt i roinnt clár cultúrtha. Shín na hócáidí trasna gach aicme den bpobal, le béim ar fhor-rochtain do dhaoine óga agus do shean daoine.

D’eagraíodh clár cuimsitheach de chuairteanna údar. Bhuail deichniúr údar Éireannacha foilsithe le sa bhreis ar 1,000 leanbh ó 35 scoil le linn tréimhse 33 cuairt timpeall an chontae. Ba iad na húdair ar chuairt: Ann Carroll, Aubrey Flegg, Jon Berkeley, June Considine, Pauline Devine, Peter Regan, Maeve Friel, Tom McCaughren, Kate McMahon agus John Quinn.



*An t-údar foilsithe idirnáisiúnta agus maisitheoir Joe Berkeley le lucht féachana gafa ó Bhunscoileanna Pullough agus Cnocán Bhólais le linn a chuairt go Leabharlann an Tulaigh Mhóir, 22ú Aibreán 2008, mar chuid de Chlár Cultúrtha 2008 Leabharlann Chontae Uíbh Fháilí.*

Sheol an Chomhairleoir Barry Cowen, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí an tionscnamh léitheoireachta ***Mo Chéad Leabhar*** i Meán Fhómhair, ag soláthar leabhar do gach duine den 1,200 mac léinn ag tosú le naíonáin bheaga an chontae, ar chostas €10,000. Bhí freagra an-dearfach ar an dtionscnamh seo agus bé a aidhm grá na leabhar agus na leabharlanna a chothú ins an duine óg.

(“measaimid gur tionscnamh iontach é seo … ba dheas an rud é an t-iontas agus an t-áthas a fheiceáil in aghaidh ár Naíonán Beaga nuair a fuaireadar a gcuid leabhar”)

(“creidfimid go spreagfaidh sé agus go gcabhróidh sé lenár leanaí taithí dearfach a bheith acu dos na leabhair agus go gcabhróidh sé a scileanna léitheoireachta a fhorbairt”)

Ghlac Leabharlann Chontae Uíbh Fháilí páirt, chomh maith, i gClár bliantúil Féile Leabhar na Leanaí. Fuair ardú céime seirbhís na leabharlanna agus Féile na Leabhar cabhair trí cheannach agus trí dháileadh ábhar deartha go sonrach lena gcur chun cinn. Bhí comórtas “Dear T-Léine na Féile” don gcontae uile ar siúl mar chuid de cheiliúradh na féile, agus fuarthas nach mór 600 iontráil. Bé buaiteoir an chatagóire 10 mbliana agus níos lú Emma O’Connor ón Tulach Mór, agus bé buaiteoir an chatagóire 11 bliana agus níos mó Emily Carroll ón Tulach Mór. Fuair gach buaiteoir dearbhán leabhair €50, agus bronnadh an duais dóibh ina leabharlann áitiúil.

**TAISPEÁNTAIS AR SIÚL MÓRTHIMPEALL ÁR NGRÉASÁN CRAOBH-LEABHARLANNA**

- Bhí taispeántais Ealaíona Pobail ar siúl sa Bheannchor, i mBiorra, sa Daingean, in Éadan Doire, sa Féar Bán agus sa Tulach Mór

**FOILSEACHÁIN SEOLTA I 2008 I DTEANNTA LE LEABHARLANN CHONTAE UÍBH FHÁILÍ**

- *"Caulfield"* le Philip Lumley seolta ag Leabharlann an Tulaigh Mhóir ag An Uas. Brian Cowen, T.D, Tánaiste agus Aire Airgeadais, i Feabhra 2008

- *"Drinking the Colour Blue"* le Eileen Casey seolta ag Leabharlann Bhiorra i Lúnasa 2008

**ÓCÁIDÍ CULTÚRA & FOR-ROCHTANA**

- Thug an Craoltóir Ryan Tubridy cuairt ar Leabharlann Bhiorra in Eanáir agus mhol sé an leabharlann ina dhiaidh san ar a chlár raidió
- Bhí sraith buacach Léacht Leabharlanna Bhiorra ar siúl. Bhí na leachtanna mar seo a leanas: George Cunningham *Ar son ghrá na leabhar: Fear Leabhair in Ely O'Carroll* Paul Rouse *An chéad chluiche ceannais Uile Éireann*
- Cruinnithe Grúpa Scríbhneoirí Uíbh Fháilí ag leabharlannaí an Tulaigh Mhóir, Éadan Doire agus Biorra
- Bhí a lán ócáidí ar siúl timpeall an chontae mar chuid de Bhealtaine, taispeántas náisiúnta a cheiliúrann cruthaitheacht i ndaoine níos sine, le rochtain saor don idirlín san áireamh ag gach leabharlann
- Leanann Seirbhís Leabharlanna an Chontae ag tabhairt tacaíochta do Fhéile Scéalaíochta Shliabh Bladhma
- Seisiúin ealaíona agus ceardaíochta ag leabharlanna

**Ainmniú oifigiúil Seomra Violet Doolin**

Bhí an seomra seo ainmnithe go hoifigiúil ag Leabharlann Biorra ar an 30ú Bealtaine i gcuimhne Violet Doolin, Leabharlannaí Bhiorra 1942-1991. Tá Seomra Doolin mar ionad scéalaíochta do leanaí ag Leabharlann Bhiorra.

**STAITISTICÍ BLIANTÚLA 2008**

Ballraíocht – 10,854
Iasachtaí (leabhair agus meáin) – 214,357
RP agus uaireanta cloig Idirlín – 17,995
Méid na gcuairteanna scoile go craobh-leabharlanna – 125
Taispeántais agus Gníomhaíochtaí – 146

**TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE 2008**

| **Táscairí (An figiúr daonra a úsáideadh ná 70,868)** | **2008** |
|---|---|
| ***Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal sa Leabharlann*** | |
| A. Méid uaireanta cloig oscailte sa tseachtain *ar an meán* do leabharlanna lán-aimseartha | 34 |
| B. Méid uaireanta cloig oscailte sa tseachtain *ar an meán* do leabharlanna lán-aimsire (nuair is cuí) | 14 |
| C. ***Fán gcéad*** (%) na leabharlanna lán aimsire atá oscailte am lóin. | 33% |
| D. ***Fán gCéad*** (%) na leabharlanna lán aimsire atá oscailte sa tráthnóna. | 100% |
| E. ***Fán gCéad*** (%) na leabharlanna lán-aimsire atá oscailte ar an Satharn. | 100% |
| **Méid** na leabharlanna lán-aimsire atá oscailte am lóin. | 1 |
| **Méid** na leabharlanna lán-aimsire atá oscailte sa tráthnóna. | 3 |
| **Méid** leabharlanna lán-aimsire atá oscailte ar an Sathairn. | 3 |
| Méid na gcuairteanna go leabharlanna lán-aimsire per daonra 1,000 | 1,387 |
| Méid iomlán na gcuairteanna go leabharlanna lán-aimsire | 98300 |
| ***Stoc na Leabharlanna*** | |

| | |
|---|---|
| A. Caiteachas bhliantúil ar an stoc per duine sa dhaonra (sa chontae/chathair uile) | 3.42 |
| ***Méid na n-earraí eisithe per duine sa dhaonra (sa chontae/chathair uile) do:*** | |
| B. Leabhair | 3.1 |
| C. Earraí eile | 0.16 |
| ***Sonraí Amha le bheith aighnithe don BSRRA*** | |
| **Caiteachas bhliantúil** ar stoc | €242,448 |
| **Méid iomlán** na leabhar eisithe | 219117 |
| **Méid iomlán** na n-earraí eile eisithe | 11213 |
| ***Rochtain Idirlín trí Leabharlanna*** | |
| Méid na seisiún idirlín soláthraithe per daonra 1,000 | 162.9 |
| **Méid iomlán** na seisiún Idirlín soláthraithe | 11547 |

Tá i gceist ag Seirbhís Ealaíne Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí a bheith mar éascaitheoir agus mar chatalaíoch do thimpeallacht bheoga a fhorbairt sa chontae.

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíne faoi 'Straitéis Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí do Fhorbairt Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha 2002-2012', chun 'cruthaitheacht, samhlaíocht, tallann agus traidisiúin gach duine in Uíbh Fháilí a éascú agus na modhanna trína bhfuil siad léirithe', agus, Plean Ealaíne Chontae Uíbh Fháilí 2007 – 2011: "chun ceannasaíocht a sholáthar i dtaithí iniamh agus nuálaí de chaighdeán ard ins na h-ealaíona don uile dhuine agus a léiriú trí an chleachtas agus an pháirtíocht is fearr buntáistí a thagann de bharr rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe ins an ealaíon d'ár saoránaigh go léir".

**IS FÉIDIR NA PRÍOMH ÉACHTANNA I 2008 A BHRISEADH SÍOS MAR:**




*Seoladh Scannán Uíbh Fháilí*

**Seoladh Scannán Uíbh Fháilí**

Tá i gceist ag Coimisiún Scannán Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí Uíbh Fháilí a chur chun cinn mar áit do léiriúchán scannán agus teilifís. Is é tionchar Choimisiún na Scannán ná próifíl náisiúnta de Uíbh Fháilí a chruthú chun dul i bhfeidhm ar athghiniúint, ar thurasóireacht agus ar an ngeilleagar. Is é príomh uirlis Coimisiún na Scannán ná an suímh idirlín **www.filmoffaly.ie**

**Dealbhóireacht Loch Borra ins an dTalamh Páirce**

Mhaoinigh an Chomhairle Dealbhóireacht ins an dTalamh Páirce chun clár a fhorbairt i dteanna leis an gComhdháil Móna Idirnáisiúnta sa Tulach Mór.

Chruthaigh an Dealbhóir Meiriceánach Patrick Doherty píosa ag baint úsáid as 100 tonna saileach le 20 ealaíontóir ag cabhrú leis thar tréimhse trí seachtaine. Lainseáil an Ollamh David Bellamy "*Peatlands*", taispeántas d'obair a bhí faoi spreagadh an dtalamh móna ag ealaíontóirí Éireannacha agus Idirnáisúnta ag Áras an Chontae i Meitheamh. Fuair an clár aird mór ós na meáin náisiúnta le RTÉ, an Irish Times etc. san áireamh.

**Ealaíon Phoiblí**

Dhein Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí Údarás Áitiúil Uíbh Fháilí measúnú ar an scéim fán gcéad d'ealaíon in Uíbh Fháil bhronnadar dréacht pholasaí ealaíne poiblí agus moltaí d'fhorbairt na scéime *Fán gCéad don Ealaíon* in Uíbh Fháilí don Fhoireann Bhainistíochta.

Cuireadh an scéim fán gcéad d'ealaíon maidir le Seachbhóthar an Tulaigh Mhóir chun cinn agus lorgaíodh iarratais ó ealaíontóirí chun freagra nuálach a chruthú d'oidhreacht mainistreach shaibhir Uíbh Fháilí. Bé €85,000 an buiséad agus fuarthas 34 iarratas. Bhí ceithre cinn curtha ar an ngearr liosta agus bhí a múnlaí taispeánta chun ráitis a fháil ón bpobal. Bé a an t-iarrthóir a bhuaigh ná

Maurice Harron a mhol figiúirí arda cruacha 4 X 5m d’airde agus gach ceann ag breith ar shiombail d’oidhreacht Uíbh Fháilí. Beidh na dealbha curtha ar chuid Darú den seachbhóthar i Meán Fhómhair 2009.

**Amharclann agus Ionad Ealaíona Bhiorra**
D’oibrigh an rannóg ealaíona i bpáirtíochta leis an ionad ag forbairt **Féile Ealaíne Pilimiliú do Leanaí** agus ag tabhairt tacaíochta do **Chomhlachtaí Rince Dlisteanacha** chun clár rince pobail a sheachadadh do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Bhí **Comhlacht Rince Óige Uíbh Fháilí** ag gníomhú ag Féile Loch Garman de Rince Óige i nDeireadh Fómhair.

**Muileann An Leasa Dheirg**
Chuaigh maoiniú go Muileann an Leasa Dheirg do cheithre sparánacht d’ealaíontóirí, 2 idirnáisiúnta agus 2 náisiúnta, Eoin Ó Conaill, Laura Fitzgerald (Baile Átha Chliath) agus Justin Waldstein agus Karen Weiner (SA).

**Ealaíon sa Sláinte**
Bhí dhá éacht mhóra ag *Anam Beo,* an pháirtíocht Ealaíona i gclár Sláinte le FSS:

1. Pacaí cártaí poist ciorclaithe go náisiúnta de íomhánna a bhí cruthaithe ag rannpháirtithe
2. Maoiniú Chomhairle Ealaíona chun scannán gearr a chruthú ar an dtionscnamh agus beidh sé seo ciorclaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag ciorcad féile na scannán.

**Tacaíocht do Scéim na n-Ealaíontóirí**
Fuair 21 ealaíontóir tacaíocht airgeadais faoin scéim seo chun cabhrú leo earraí a cheannach, le costais taispeántais nó le am taighde. Fuair an scríbhneoir Jean O’Brien Sparánacht Tyrone Guthrie chun dhá sheachtain a chaitheamh sa Mhachaire Gailf agus fuair ealaíontóirí Brendan Fox, Jock Nichol agus Siobhan Bulfin taispeántais aonréad, chomh maith, ag Áras an Chontae.

**Duaiseanna Drámaíochta**
Fuair 10 grúpa drámaíochta agus cumainn ceoil maoiniú do léiriúcháin nó do threalamh. Fuair Lisa Byrne (Cuallacht Stáitse Bhiorra), Patrick Brodder (Grúpa Drámaíochta An Tobair) agus John Rossiter (Grúpa Drámaíochta Éadan Doire) sparánachtaí chun freastal ar Shraith Drámaíochta Scoil Samhraidh na hÉireann. Chuaigh maoiniú go Cuallacht Stáitse Bhiorra chun a 50ú comóradh a cheiliúradh le comhoibriú uathúil idir Scoil Bhuachaillí Bhiorra agus Amharclann Ceoldráma na hÉireann ar an gCéad Oíche de cheoldráma a ghlaodh “Bug Off” air.

**Tacaíocht don Fhéile**
D’éascaigh an Oifig Ealaíona le maoiniú, le comhairle agus le cúnamh ardú céime do:

- Féile Ceoil Eoin Dhroichead na Sionainne
- Seachtain Seanré agus Féile Ealaíne Bhiorra
- Féile Phoenix
- Féile Seanchais Sliabh Bladhma
- Féile Ealaíne Pilimiliú do Leanaí

**Féile Ealaíne Bealtaine do Dhaoine Níos Sine**
Bhí clár ócáidí don gcontae uile i mBealtaine comhordaithe agus forbartha ag an Oifig Ealaíne le ceolchoirmeacha ag Cóir Soiscéal an Tulaigh Mhóir, taispeántais, siopaí oibre scríbhneoireacht chruthaitheach, seanchas agus ceol san áireamh ann.

## TIONSCNAIMH COMHOIBRITHEACHA LÁR NA TÍRE

**(Oifigí Ealaíne Uíbh Fháilí, na hIarmhí, Laoise agus Longfoirt)**

- Dhein Iris Leabhar Ealaíne agus Cultúrtha Lár na Tíre, iris leabhar 32 leathanach, imlíniú ar éagsúlacht agus ar chaighdeán na dtionscnamh ealaíona trasna ceithre chontae agus tá i gceist acu aitheantas cultúrtha níos mó a chruthú i Lár na Tíre. Bíonn sé seo foilsithe mar chóip shaor trí uair sa bhliain.
- Leanann Ceol na nÓg ag forbairt i 9 n-ionad mar chlár oideachais ceoil do thachráin agus do thuismitheoirí, i gcomhar leis an CGO.
- Chomhoibrigh Ceolfhoireann Óige Lár na Tíre le Ceolfhoireann Óige ó Bremen san Ghearmáin.

Bhí Máistir Ranganna Lár na Tíre seolta mar scéim phíolóta d'fhonn dheiseanna forbartha proifisiúnta a sholáthar d'ealaíontóirí i Lár na Tíre

## EALAÍONA SAN OIDEACHAS



**Comhlacht Amharclainne ar Snámh**
Lean an Chomhairle le comhpháirtíocht maoinithe le Uiscebhealach na hÉireann i 2008 chun méid na scoileanna go bhféadfadh an comhlacht amharclainne saor cuairt a thabhairt orthu a mhéadú. Ghlac SN Daingin, Foghlaim Le Chéile an Tulaigh Mhóir, SN na Rátha, S.N. Bhaile an Mhaoir, Belmont, S.N. na Sráide Móire, S.N. Chluain Mhic Nóis, S.N. Bheannchar páirt le 360 mac léinn ann agus d'fhéach timpeall 1000 duine ar na léiriúcháin.

*Amharclann ar snámh sa Daingean*

**Comhlacht Amharclanna Cornacha agus Corónacha**
Mhaoinigh an rannóg Ealaíona an chomhlacht amharclanna oideachais seo chun siopaí oibre agus léiriúcháin a éascú i 5 bhunscoil in Uíbh Fháilí: S.N. Mhainistir Fheorais, Scoil Bhuachaillí, Biorra, S.N. Géisill, Scoil Bhríde Clóirtheach agus Scoil Mhuire an Tulaigh Mhóir.

## DEONTAIS GNÍOMHÚ EALAÍONA
Fuair 60 grúpa pobail maoiniú faoin scéim seo chun eagrú agus páirt a ghlacadh in ócáidí ealaíne. Bhí réimse na cistíochta idir €800-€300

## ÚRSCÉALAÍ ÓGA
D'oibrigh an úrscéalaí Caroline Barry le grúpa scríbhneoireachta cruthaithí (14 go 18 bliana d'aois) in Éadan Doire ar feadh bliana iomláine ag múineadh scileanna comhdhéanaimh, carachtair agus forbartha plota dóibh. d' Oibrigh formhór den lucht páirte ar úrscéalta a scríobh agus seoladh cnuasach de shleachta as na h-úrscéalta ar a ghlaodh **The Idea and its Shadow** i Mí na Nollag.

## SEIRBHÍS TACAÍOCHTA AGUS EOLAIS

Soláthraíonn an Oifig Ealaíona tacaíocht agus eolas do ghrúpaí proifisiúnta, amaitéaracha, deonacha agus pobail agus do dhaoine aonaracha.

Tá an Oifig Ealaíona ina acmhainn d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíne a lorgaíonn comhairle, treoir agus eolas ar a gcleachtais ealaíne a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá an eilimint seo den t-seirbhís bunaithe ar phrionsabail an chleachtais is fearr i ngach foirm d'fhorbairt ealaíne agus tá i gceist go spreagfaidh sé muinín níos mó i modhanna d'ard chaighdeán agus i gcur chuige proifisiúnta.

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE DON EALAÍON 2008

Daonra Iomlán 70,604

**Acht na n-Deontas Ealaíona**

| | |
|---|---|
| Méid na n-Deontas Díolta | 60 |
| Buiséad Iomlán | €17,895 |
| Luach iomlán na ndeontas per daonra 1000 | €253.45 |

**Deontais Eile (Amharclann, Féile, Scéimeanna Duaiseanna agus araile)**

| | |
|---|---|
| Méid na n-Deontas Díolta | 48 |
| Buiséad Iomlán | €128,091 |
| Luach iomlán na ndeontas per daonra 1000 | €1,814.00 |

**Maoiniú an Chláir (Tionscnaimh á rith ag an Seirbhís Ealaíne)**

| | |
|---|---|
| Buiséad Iomlán | €103,013.80 |
| Luach iomlán per daonra 1000 | €1,459.00 |

**Caiteachas Seirbhíse Ealaíne Eile ag CCU**
(Tuarastail, riaradh oifige, foilseacháin, trealamh agus araile)

| | |
|---|---|
| Buiséad Iomlán | €115,842 |
| Luach iomlán per daonra 1000 | €1,640.72 |

**Caiteachas Iomlán don Ealaíon i 2008 per daonra 1000**

| | |
|---|---|
| Buiséad Iomlán | €364,841.80 |
| Luach iomlán per daonra 1000 | €5,167.43 |



*Oscailt Fhéile na n-Aighnithe Oscailte ag taispeáint saothar ó Ealaíontóirí Uíbh Fháílí*

# TITHÍOCHT

## RÓL NA ROINNE

Comhlíonann an roinn tithíochta roinnt ról an-thábhachtach maidir le soláthar agus le h-uasghrádú lóistín iad siúd ná fuil in ann é seo a dhéanamh óna n-acmhainní féin. Is iad na príomh gníomhaíochtaí laistigh den roinn ná soláthar díreach tithíochta sóisialta agus in-acmhainn, an earnáil tithíochta deonach a éascú, úinéireacht bhaile a chur chun cinn trí iasachtaí agus deontais tithíochta do dhaoine aonaracha, leo san le riachtanais speisialta orthu san áireamh, an Scéim Lóistín Ar Cíos a chur i bhfeidhm mar rogha eile ar thithíocht sóisialta, ag soláthar réimse roghanna lóistín don Lucht Siúil, ag tabhairt aghaidh ar easpa dídine agus ar bhainistíocht eastáit a chur chun cinn in eastáit tithíochta an údaráis áitiúil.

## TITHÍOCHT SÓISIALTA

Bhí stoc tithíochta iomlán de 914 aonad ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí ag deireadh 2008. Bhí 119 leithdháileadh d'aonaid tithíochta sóisialta déanta i 2008 do dhaoine go bhfuil tithíocht uatha trí mheascán de n-ár gclár tógála díreach, ceannach aonaid sóisialta Cuid V i bhforbairtí príobháideacha agus i bhforbairtí lán-déanta, ceannach aonad dara lámhacha agus leithdháileadh ghnáth-fholúntais.

## TITHÍOCHT INACMHAINN

Ceannaíodh aonaid in-acmhainn Cuid V le linn 2008 i bhforbairtí tithíochta príobháideacha i gClóirtheach agus sa Chlochán. Laghdaigh aschur ón bpróiseas seo go mór leis an gcor chun donais eacnamaíochta agus táthar ag súil go leanfaidh an nós seo i 2009.




*Tithe In-acmhainn: Gleann Comáin, Suí an Róin agus Garrán an Fhraoigh, Clóirtheach*

## SCÉIM CHEANNACH NA DTIONÓNTA

Déanann scéim cheannach na dtionónta de chuid na Comhairle rogha a thairiscint do thionóntaí an údaráis áitiúil a dtithe a cheannach faoi phróiseas critéir ar leith. Is féidir le tionóntaí an údaráis áitiúil, ach i gcás eisceachtaí áirithe, iarratas a dhéanamh a dtigh a cheannach tar éis tionóntacht bliain amháin. Tá tithe ceannaithe ina iomlán ón gcomhairle ag luach an mhargaidh le laghdú tugtha do gach bliain tionóntachta teoranta do uasmhéid de dheich mbliana. Díoladh ocht gcinn de thithe faoin scéim seo le linn na bliana.

## DEONTAIS DO DHAOINE NÍOS SINE AGUS DO DHAOINE LE MÍCHUMAS ORTHU

Cuireadh stop le scéim na ndeontais do dhaoine le míchumas ag deireadh 2007 agus thóg dhá scéim nua a h-áit, siad san Scéim Deontais Athraithe Tithíochta agus Scéim Deontais Cúnamh So-ghluaiseachta. D'aontaigh an Chomhairle, áfach, gur chóir go mbeadh an dáileadh cistíochta i 2008 curtha i dtreo an riaráiste de thithe DDM ar láimh a ghlanadh. Mar thoradh ar seo, bhí na hiarratais ceadaithe ar láimh go léir glanta ina iomlán ag deireadh 2008. Bhí sa bhreis ar €1.2m caite ar an scéim agus díoladh 92 deontas amach. Bhí timpeall €40,000 díolta amach do cheathrar déag níos sine faoi Scéim Deontais na nDeisithe Riachtanacha i 2007, chomh maith. Tógadh áit na scéime sin le linn na bliana ag an scéim Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Níos Sine rud atá mar mhalgamú ar DDR agus ar scéim Chúnaimh Tithíochta FSS do Shean Daoine gur cuireadh deireadh leis, chomh maith. Tá scrúdú ar mhaoin san áireamh ins na scéimeanna nua don gcéad uair riamh agus tugtar deontais mhéadaithe mar aon le méadú ón rialtas lár ar an ais-íocaíocht dos na h-údaráis áitiúla de bharr na ndeontas méadaithe.

## EASPA DÍDINE

Oibríonn an Chomhairle, i dteannta lenár gcontaetha comharsanúla i lár na tíre, lámh ar láimh le Pobal Síomóin Lár na Tíre agus soláthraíonn siad maoiniú do chostais Oibrithe For-Rochtain/Oifigigh Lonnaíochta a fhostú a oibríonn go sonrach le cliaint a cuireadh faoina bhráid ós na húdaráis áitiúla go bhfuil fadhbanna easpa dídine orthu agus go bhfuil deacrachtaí acu lóistín a fháil iad féin.

## BAINISTÍOCHT EASTÁIT IN EASTÁIT AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Cabhraíodh le 19 Cumann Cónaitheoirí faoinár scéim deontais bainistíochta eastáit i 2008 ag costas €10,000. D'eagraíodh cláir thraenála réamh-thionóntachta dos na tionóntaí nua uile le linn na bliana. Sholáthar an chomhairle cábán pobail le linn na bliana do mhuintir Ardán Radharc na hEaglaise agus Páirc na Coille Glaise in Éadan Doire. Tá bainistíocht na háise roinnte idir an Chomhairle agus Páirtíocht OAK agus tá coiste bainistíochta acu a bhuaileann go rialta chun aontú faoi chlár gníomhaíochta. Úsáideann roinnt grúpaí áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit agus deonacha an áis.

## SCÉIM LÓISTÍN AR CHÍOS (SLC)

Tá SLC ag éirí, níos mó agus níos mó, mar rogha réadúil ar dháiltí tithíochta sóisialta. Bhí tionchar dearfach ag an gcor chun donais eacnamaíochta ar an scéim seo le infhaighteacht méadaithe de lóistín nua aimseartha de chaighdeán ard ag costais níos ísle agus níorbh é seo an cás ag barr an bhorradh sealúchais. Bhí an Tulach Mór mar cheantar tosaíochta do 2008 agus leanfaidh sé mar seo i 2009 de bharr gurab é seo an áit go bhfuil an chuid is mó des na cliaint suite. Bhí 80 cliant sínithe suas don scéim ag deireadh na bliana.

## LÓISTÍN DON LUCHT SIÚIL

Sásaíonn an Chomhairle riachtanais lóistín pobal an Lucht Siúil ina lán slite difriúla agus tá na haidhmeanna seo leagtha amach i gClár Lóistín don Lucht Siúil ceadaithe. Tháinig deireadh leis an gclár reatha i 2008 don dtréimhse 2005 – 2008 agus fuarthas lóistín do 74 clann le linn na tréimhse seo. Bhí clár lóistín nua dréachtaithe i rith na bliana don dtréimhse 2009 – 2013 agus chuaigh sé faoi phróiseas taispeánta poiblí. Tá tabhairt isteach deiridh an chláir sceidealta d'Aibreán 2009. Is iad príomh aidhmeanna an chláir trí áis lóistín a sholáthar i bpurláin an Tulaigh Mhóir agus an láithreáin stad i bPáirc Sruthán an Mhuilinn, Biorra a leathnú chun roinnt tithe grúpa a ionchorprú. Beidh cothromaíocht an riachtanas tithíochta sásaithe trí mheascán de dháiltí tithíochta sóisialta, lóistín príobháideach ar chíos agus SLC.

## COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH TITHÍOCTHTA, SÓISIALTA & CULTÚRTHA

Bhuail an coiste le chéile 6 uaire le linn 2008 le ráta freastail de 58% ar an meán.

**Polasaithe, Cláir & Tionscnaimh Athbhreithnithe & Pléite ag CPS**

- Roghnú Suíomh Faiche Imeartha & Maoiniú
- Polasaí Ceannaithe Adhmaid (aistrithe go CPS na Timpeallachta ag CPG)
- Clár Forbartha na Leabharlanna
- Scéim Lóistín ar Cíos
- Polasaí ar Dhíolacháin Suíomh Príobháideach
- Cur i bhfeidhm eilimint an chonláiste de thobhaigh fhorbartha
- An Comhaontú faoin d-Tionóntachta Tithíochta a Thabhairt Suas Chun Dáta
- Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar a bhí sé athraithe i 2002)

**Moltaí faoi Pholasaí Déanta ag an CPS**

- Bunú Choimisiún Scannán Uíbh Fháilí
- Polasaí faoi Iompar Frith-Shóisialta
- Straitéis Easpa Dídine Uíbh Fháilí
- Scéim Phointí ar Thithíocht In-acmhainn

**Míreanna Seasta a Bhreathnaíodh agus a Phléadh ag CPS**

- Fóram Easpa Dídine
- Grúpa Oibre ar Mhodhanna Iniamh Sóisialta
- Tionscnamh Leabharlainne an Tulaigh Mhóir
- Áis Ealaíne an Chontae

## ACHOIMRE AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ PRÍOMHA I 2008 FAOI AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH

**Ag Soláthar Ceannasaíocht Sibhialta d'Uíbh Fháilí agus dá Muintir uile, pé Cuma a g-Coinníollacha nó a g-Cúlraí**

| | |
|---|---|
| Méid cruinnithe CPS Tithíochta, Sóisialta & Cultúrtha a bhí ar siúl | 6 |
| Méid na moltaí polasaí déanta | 4 |

**Ag déanamh Uíbh Fháilí Ina Áit Deas, Sábháilte agus Taitneamhach Chun Cónaí Ann Agus Chun Oibriú Ann**

| | |
|---|---|
| Méid na ndeontas ceadaithe do chumainn chónaitheoirí an údaráis áitiúil | 19 |

**Ag Forbairt Comhtháthú agus Iniamh Sóisialta Laistigh De Agus Trasna An Chontae**

| | |
|---|---|
| Méid na ndaoine gan dídean gur tugadh cabhair dóibh le lóistín éigeandála | 74 |
| Méid DDM díolta | 92 |
| Méid DDR díolta | 14 |
| Méid na ndáiltí tithíochta sóisialta | 119 |
| Méid na n-aonad sóisialta agus in-acmhainn Cuid V éilithe | 20 |
| Méid na n-idirbheart ceannaithe tionónta críochnaithe | 8 |

**Ag Forbairt agus Ag Seachadadh Seirbhísí den Scoth**

| | |
|---|---|
| Tionscnaimh chustaiméara | Tugadh isteach clinicí measúnaithe tithíochta ag laethanta comharthaithe le haghaidh iarrthóirí tithíochta ag tabhairt an chaoi do chustaiméirí coinní a dhéanamh |

**Forbair agus Cur Chun Cinn Straitéisí Cumarsáide Inmheánacha agus Eachtracha Éifeachtacha**

| | |
|---|---|
| Tionscnaimh chun Cumarsáid a Uasghrádú | Glacadh páirt i ngrúpa oibre chun suíomh idirlín na comhairle a thabhairt suas chun dáta agus d'athdhearadh a eilimint tithíochta, chomh maith |

**BAINISTÍOCHT AR FHUÍOLL**

## LÍONADH TALÚN DHOIRE CLUTHAR

Chríochnaigh an Chomhairle stalcadh agus athchóiriú an t-sean eilimint stairiúil den líonadh talún le linn 2008 agus bhí tionchar mór aige seo ar na hastaithe don dtimpeallacht a laghdú. Chuir an Chomhairle tús le suiteáil córas sealadach úscadh gás chun ár n-astaithe gás ón gcealla gníomhach a laghdú. Beidh an obair seo leanúnach agus ba chóir go mbeadh laghdú ar mhéid na núiseanna bolaidh a chuireann isteach ar mhuintir na háite. Chuathas thar spriocanna ioncaim na bliana.

D'aighnigh an Chomhairle iarratas don G.C.T. agus don Bord Pleanála i Samhain 2008 chun méadú a cheadú ins an iontógáil tonnáiste bhliantúil. Tá breith le bheith déanta ins an dara ceathrú de 2009. Ceadóidh an méadú seo don gComhairle leanúint ag feidhmiú na háise chuig na caighdeáin timpeallachta is airde agus tá sé mar áit mhargaidh an-iomaíoch anois.

Bhí an áis díol de réir an mheáchain tugtha isteach do chustaiméirí tí i 2008; tá an tionscnamh seo tar éis costas cur de láimh an fhuíll a ísliú dóibh san a dhéanann íosmhéadú ar an bhfuíoll a chuirtear le h-aghaidh chur de láimh.

## ÁISEANNA ATHCHÚRSÁLA

Tá 47 banc tógála sa Chontae faoi láthair le haghaidh athchúrsáil gloine agus cannaí ar shuímh phríobháideacha agus phoiblí. Tá bainc teicstíle ar bun, chomh maith, i roinnt suíomh príobháideacha. D'osclaíodh an Áis Chonláiste Shibhialta nua i Meitheamh 2008 i Synge Field i mBiorra, agus i nDoire Cluthar. Glacann siad seo le réimse leathan earraí le haghaidh athchúrsála agus cabhraíonn siad lenár n-áis conláiste reatha in Éadan Doire.

De bharr nach bhfuil aon seirbhís bailiúcháin soghluaiste ann d'fhuíoll guaiseach, glacann an dá cheann des na háiseanna nua leis an sórt seo fuíll. Tá táille i gceist do gach fuíoll a tógtar chuig na háiseanna seo, le h-eisceacht do earraí leictreachais, do phacáil gloine agus do chadhnraí.

Leanann an Chomhairle ag cur múirín baile chun cinn trí aonaid múirín a dhíol i dteannta le tacaíocht a thabhairt do Bhailte Slachtmhara áitiúla agus do thionscnaimh phobail trí chúnamh deontais áitiúil.

## PLEAN BAINISTÍOCHTA FUÍLL

Chuir an Chomhairle tuairisc amach i nDeireadh Fómhair 2008 ar ár ndul chun cinn chuige seo ar chur i bhfeidhm an phlean. D'fhoilsíomar fodhlíthe dréachta i Samhain 2008 ar *"Stóráil, Bronnadh, Leithscaradh agus Bailiú Fuíoll Teaghlaigh"*. Cabhróidh glacadh na bhfodhlíthe seo leis an gComhairle a dualgas a chomhlíonadh faoin Ordú Líonta Talún trí chóras bailithe na dtrí bhosca bruscair a sholáthar.

## CUR I BHFEIDHM FUÍLL

Lean an Chomhairle ag déanamh fiosruithe ar gach gníomhaíocht fhuíll mhídhleathaigh agus ag cur tús le himeachtaí dlí nuair is cuí. h-Eisíodh 179 fíneáil ar an spota de dheasca chaitheamh bruscair go dtí seo. Cuireadh na rialacháin nua um cheadúnas fuíll náisiúnta i bhfeidhm i Meitheamh, soláthraíonn siad seo áis ceadúnais uile Éireann agus nascann siad ceadúnas fuíll le cead pleanála a fhail.

## CLÁR MEABHRAÍOCHTA

Lean Comhairle Chontae Uíbh Fháilí ag cur meabhraíocht timpeallachta chun cinn go gníomhach in earnáil an phobail agus i scoileanna. Faoi láthair, tá 32 scoil ann gur bronnadh an Brat Glas orthu do mheabhraíocht timpeallachta. Ag leibhéal áitiúil, leantar le cruinnithe eolais do ghrúpaí pobail áitiúla agus tá siopaí oibre ar mhúirín agus ar athchúrsáil éascaithe do scoileanna agus bhíodar seo an-rafar agus fuarthas aiseolais dearfach astu.

Cuireadh tús le teagmháil leis an Earnáil Gnó i 2008 le foilsiú leabhráin réigiúnaigh ar chleachtais bhainistíochta fuíll, a ghlaodh "Treoir Gnó do Bhainistíocht Chliste Fuíll". Beidh sé seo úsáidte mar an chéad chéim ag cur gnó glas chun cinn laistigh den gContae.

## UISCÍ NÁDÚRTHA A CHAOMHNÚ

## ORDÚ CHREATLACH UISCE

Tá baint ag Uíbh Fháilí le trí cinn d' Abhantracha ; siad san Ceantar Abhantrach Idirnáisiúnta na Sionainne, Ceantar Abhantrach Thoir agus Ceantar Abhantrach Thoir Theas, agus bhíodar gafa le clár monatóireachta feidhmeach forleathan des na haibhneacha uile agus den uisce talún laistigh den gContae.

D'aithin an Chomhairle brú ar phointe agus brú ar fhoinse scaipthe laistigh de gach ceantar abhantrach a fhéadfadh a bheith ag cabhrú le stádas caighdeáin na n-uiscí dromchla. Beidh an brú seo mar an bonn do Chlár na Modhanna (CNM) atá leagtha amach ins na Pleananna Dréachta Bainistíochta Abhantrach atá le bheith eisithe le haghaidh chomhairliú poiblí ar an 22ú Nollaig, 2008.

## COSAINT AN UISCE TALÚN

Thug foireann na comhairle aghaidh ar Mheasúnaithe Suímh Síothlaithe do chórais cóireála eisiltigh teaghlaigh le haghaidh áiteanna cónaithe molta faoin dtuath agus bhí gach iarratas próiseáilte laistigh de thrí seachtaine ón gcéad iarratas.

Bhí fiosraithe déanta ar tholl-phoill Chrios Tabhartas Soláthar an Uisce Poiblí agus d'ullmhaíodar Pleananna Cosanta Carraig- Shruth-Uisce faoi thalamh ; bunaithe ar an riosca measta ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta, teaghlaigh, trádála agus tionsclaíocha do chaighdeán an uisce talún.

## SUÍMH THRÉIGTHE

Bhí athbhreithniú ar na suímh thréigthe uile taifeadta déanta i 2008.

## REILIGÍ

Tar éis dos na Baill aontú faoi, méadaíodh na táillí go €400 do phlásóg shingil. Leanann an Chomhairle ag cur i bhfeidhm clár cúig-bhliana le pleananna ann do reiligí nua i Lus-Mhaigh, i gCill Aichidh agus sa Ráithín agus tá dul chun cinn ar siúl iontu faoi láthair.

## ATHRÚ AERÁIDE

Ghlac an Chomhairle páirt i roinnt tionscnamh le contaetha eile sa réigiún sa Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre nua dhéanta chun lorg coise carbóin na ngníomhaíochtaí éagsúla a thomhas, mar shampla, úsáid fhuinnimh roinnt oibreacha uisce agus oifigí Ceantair.

## SMACHT & LEAS GADHAR

### SEIRBHÍS SMACHTA AR AINMHITHE CAILLTE

Feidhmíonn rannóg Tréidliachta Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí a sheirbhís smachta gadhar agus capall. Tá i gceist ag an seirbhís seo freagracht as úinéireacht ainmhí a chur chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas a bhunú:

- Ag bailiú madraí caillte /Ag tabhairt isteach madraí tugtha suas
- Ag fiosú marú caorach.
- Ag fiosrú núis de bharr madraí dainséaracha ná fuil faoi smacht cuí.

### AINMHITHE MARBHA A CHUR DE LÁIMH

Táid seo mar fhadhb atá ag dul i méid sa chontae. Is é cúram reachtúil Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí, áfach, ainmhithe a chur de láimh atá dumpáilte ar thalamh phoiblí.

## SÁBHÁILTEACHT BIA

Tá Rannóg Tréidliachta Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí freagrach as feidhmeanna a chur i gcrích maidir le Cosaint Bia agus le Smachtú Galair. Cuireann sé i bhfeidhm téarmaí agus coinníollacha Chonradh Seirbhíse idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (USBE) agus Comhairle Chontae Uíbh Fháilí maidir le marú ainmhithe do bhia, agus cuireann sé smachta reachtúla ar feoil a tháirgeadh, ar tháirgí feola agus ar éanlaith. Baineann a fheidhmeanna príomha maidir le sábháilteacht bia le Seamlais Bheaga, le Ceadú Seamlas agus Ceadúnú Fear Seamlais; ceadú agus maoirseacht ar fhoirgnimh bheaga próiseála feola; agus maoirseacht agus cigireacht ar shealúchas táirgí reachtaireachta.



*Comhairle na nÓg: Aithne ar d'Údarás Áitiúil, Líonadh Talún Dhoire Cluthar*

# *SEIRBHÍSÍ UISCE*

Leanann seachadadh na Seirbhísí Uisce mórthimpeall an Chontae ag leathnú, á ionannú le fás ins an éileamh de bharr leibhéil arda gníomhaíocht eacnamaíochta. Ina theannta san, tá an mhonatóireacht ar chaighdeán an uisce óil ag dearbhú feabhsú i gcaighdeán an óil ina iomlán atá ag fanacht ós cionn an Mheáin Náisiúnta in Uíbh Fháilí.

Leanann costais cothabhála na Seirbhísí Uisce ag ardú. Tugann an meastachán do 2008 aird ar na costais a bhaineann le:

- Éileamh níos mó ar sholáthar uisce óil agus ar chóireáil fuíll uisce.

- Costais fuinnimh ag méadú. Tá Uíbh Fháilí ag braith ar fhuinneamh go mór de bharr an méid mór de fhoinsí beaga uisce talún i gcomparáid le scéimeanna réigiúnacha móra, go bhfuil geilleagair de scála níos fearr acu de bharr a mhór-scála úsáidte.

- Baint fosfáit

- Cur de láimh sloda cóireála uisce agus cóireála fuíll uisce. Tá costas an-mhór bainteach leis seo de bharr iompair agus de bharr rialachán dian timpeallachta i roghanna cur de láimh. I 2008, ní bheidh sé indéanta a thuilleadh aon sloda a chur de láimh ins an líonadh talún. Tá roghanna cur de láimh malartacha á lorg ach tá baol ann go mbeadh breis méadaithe ins an costas de bharr go bhfuil CA eile istigh ar na roghanna cur de láimh céanna.

- Tástáil Samplaí an tsoláthair uisce óil chun cloí le Rialacháin Uisce Óil.

- Ról leathnaithe an Údaráis Áitiúil mar Údarás Rialaithe do Scéimeanna Grúpa agus do Sholáthair Phríobháideacha bheaga faoi na Rialacháin Uisce Óil nua.

- Tástáil ar na háiseanna cóireála fuíoll uisce chun cloí le reachtaíocht timpeallachta iomchuí.

Tá eilimint mór de “chostais socraithe” i bhfoirm chumhachta, ceimicí agus pá rolla i gcothabháil na Seirbhísí Uisce agus tá leibhéal an solúbthachta ins an gcaiteachas teoranta. Tá méid mór foinsí beaga uisce agus áiseanna cóireála, príomhlíonra Tuaithe de fhaid mhóra, agus Áiseanna Cóireála Sráidbhailte in Uíbh Fháilí. Mar thoradh air seo, tá soláthar na Seirbhísí Uisce réasúnta daor de bharr easpa Geilleagair an Scála, rud a fhéadfaí baint amach trí Scéimeanna Réigiúnacha níos mó a bheith ann. Ní féidir déileáil leis an fhadhb seo ach trí Fhorbairt Bhonneagair.

Chuaigh Comhairle Chontae Uíbh Fháilí i gceannas ar Fheidhm Seirbhísí Uisce Chomhairlí Baile an Tulaigh Mhóir agus Biorra in Aibreán 2008.

## REACHTAÍOCHT NUA

Tugadh trí phíosa móra reachtaíochta isteach i 2007 in aicme na Seirbhísí Uisce, agus tosaíodh leis an reachtaíocht uile a chur i bhfeidhm in Uíbh Fháilí le linn 2008 mar a bhí éilithe.

1. **I.R. 278 AS 2007 – Rialacháin (Uisce Óil) na bPobal Eorpacha 2007**

   Chuir na rialacháin seo dualgais breise ar Údaráis Áitiúla, agus tá seans ann go gcosnóidh sé €450,000 sa bhliain ó 2008, má chuirtear i bhfeidhm iad ina iomlán. Caithfidh Údaráis Áitiúla gníomhú anois mar Údaráis Rialaithe do Scéimeanna Grúpa agus do Sholáthair Príobháideacha Beaga (SPB). Tá tuairisciú níos déine anois ann do neamh-ghéilliúlacht don

GCC, agus d'fhéadfadh Údaráis Áitiúla a bheith dírithe ag an GCC gníomhaíochtaí ceartaithe a thógáil. Beidh údaráis áitiúla ionchúisithe má bhristear na rialacháin.

**Cur i bhfeidhm i 2008:**

(i) Thosaigh monatóireacht ar Sholáthair Príobháideacha Beaga go bhfuil eolas fúthu.

(ii) Cuireadh in iúl don GCC faoi gach neamh-ghéilliúlacht, agus thosaigh gníomhaíocht leasúcháin mar is cuí.

(iii) Tá fiosrú agus monatóireacht á dhéanamh ar neamh-ghéilliúlacht i gcás scéimeanna uisce Grúpa.

Leanfar leis na gníomhaíochtaí seo i 2009.

2. **I.R 684 as 2007 – Rialacháin (Údarú) Scaoileadh Fuíll Uisce 2007**
   Faoi na rialacháin seo, caithfidh gach scaoileadh ós na Scéimeanna Séarachais a bheith ceadúnaithe ag GCC. Tá táille iarratas don cheadúnas ó €3,000 do scéimeanna níos lú ná 500PE, go €30,000 do scéimeanna níos mó ná 10,000PE. Tá na rialacháin seo á thabhairt isteach ar bhonn céimithe ó 2007 go 2010, ag tosú le háiseanna níos mó ná 10,000 PE. Cosnóidh an próiseas ceadúnaithe CCU €1.3m le linn na chéad trí bhliain eile, agus sé is dóichí go gcosnóidh coinníollacha ceadúnaithe ina dhiaidh san €1m eile, ag tógáil costas iomlán na rialachán seo go €2.3m.

   **Cur i bhfeidhm i 2008:**

   (i) Iarratais Ceadúnais do Scaoiltí ó 6 áis cóireála déanta do GCC;
   An Tulach Mór, Biorra, Éadan Doire, Clóirtheach, an Féar Bán agus Beannchar. Ní raibh aon cheadúnas tugtha go dtí seo.

3. **Acht na Seirbhísí Uisce 2007**
   Cuireadh tús le Acht na Seirbhísí Uisce le linn 2008 agus soláthraíonn sé píosa singil reachtaíochta a thógann le chéile an dá eilimint de Sheirbhísí Uisce, Uisce Óil agus Fuíoll Uisce.

   Beidh Plean Straitéiseach na Seirbhísí Uisce ina fheidhm Fhorchoimeádta agus caithfear é a dhéanamh gach sé bhliain. Cé go soláthraíonn Acht 2007 birt le fáilte rompu do sholáthar na seirbhísí uisce, cuirfidh sé le costas Seirbhísí Uisce a sholáthar.

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Chuir an tAcht Sláinte & Sábháilteacht 2005 agus na Rialacháin Tógála 2006 riachtanais bhreise agus cúramaí, ach go háirithe, ar an Údarás Áitiúil maidir le Sláinte & Sábháilteacht san láthair oibre. Tá cur i bhfeidhm forálacha Sláinte & Sábháilteachta diana i ngach gné den obair agus i dtraenáil iomchuí, rialta a sholáthar ag cur le costas seirbhísí a sholáthar agus oibreacha a thógáil.

Bhí comhairleoirí ceaptha i 2007 chun Ráitis Sábháilteachta agus measúnaithe Riosca a sholáthar do gach áit oibre de chuid na seirbhísí oibre, agus chun deimhin a dhéanamh de go sásaíonn na gnáthaimh riachtanais na reachtaíochta. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis agus ar na gnáthaimh seo go rialta agus iad a thabhairt suas chun dáta. Déanadh é seo i 2008 agus tá go leor san áireamh i meastacháin 2009 don gcéad athbhreithniú eile.

Caitheadh €150 milliún i 2008 ar threalamh a sholáthar agus córais le haghaidh oibriú i Spásanna Teoranta, cosaint an oibrí Aonaraigh, teastasú agus uasghrádú trealamh ardaithe agus brathadóirí gás. Tá gá le cothabháil agus le calabrú leanúnach ós na córais seo agus tugann meastachán 2009 aird ar seo.

## SCÉIMEANNA CAIPITIL NA SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá Clár na Scéimeanna Caipitil déanta suas de uasghrádaithe nua nó mór ar scéimeanna Soláthar Uisce agus Fuíoll Uisce reatha an Chontae. Tá na scéimeanna maoinithe go ginearálta trí ceann acu seo:

(i) Clár Infheistithe na Seirbhísí Uisce (CISU)

(ii) Clár Scéimeanna Beaga Uisce Thuaithe (CSBUT)

(iii) Scéim Rannpháirtíochta Forbartha Speisialta (SRFS)

(iv)Leith-dháil an RCORA maoiniú, chomh maith, faoin Scéim Liosta Gníomhaíochta Leasúcháin (LGL) i 2008. Sholáthar an scéim seo maoiniú chun oibreacha leasaithe a dhéanamh a bhí liostáilte faoi Liosta Gníomhaíochta Leasaithe Tuairisc Uisce Óil an GCC 2006.

Tá na Scéimeanna Caipitil Móra leagtha amach i gClár Infheistithe Seirbhísí Uisce (CISU) an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2007-2009. Baineann an Prionsabal Díolann an Truaillí leis na scéimeanna seo, rud a chiallaíonn go ndíolann an Údarás Áitiúil as codanna neamh-theaghlaigh agus codanna de chostais teaghlaigh na scéimeanna seo sa todhchaí.

Tá an CISU i gContae Uíbh Fháilí luacháilte ag €130,000,000 agus is é meastachán coimeádach de ranníocaíocht na Comhairle dos na scéimeanna seo ná €35M. Tá tionscnaimh bhreise de luach €92m san áireamh i Measúnú ar riachtanais aighnithe don RCORA i 2006.

Ní chosnaíonn Scéimeanna Beaga níos mó ná €1m agus tá 75% díobh maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus 25% ag an Údarás Áitiúil. Déileáiltear le Scéimeanna Beaga faoi Chlár an Uisce Tuaithe.

Thug an Rialtas Lárnach isteach foirmeacha nua conartha do scéimeanna poiblí i 2007, rud a chuireann baol níos mó ar Comhairleoirí agus ar Chonraitheoirí. Mhoilligh cur i bhfeidhm Foirmeacha Soláthair nua dul chun cinn ins na scéimeanna nua de bharr an phróisis foghlama agus chúraim á chleachtadh ag an earnáil phríobháideach, ag Comhairleoirí ach go háirithe, de bharr aistriú riosca.

Chríochnaigh tógáil na Scéimeanna seo i 2008:

| **Scéim** | **Costas** | **Foinse na Cistíochta** |
|---|---|---|
| Uasghrádú Idirthréimhse Scéim Séarachais Chionn Eitigh | €460k | SFRS |
| SS Biorra: Soláthar Stórais Uisce Stoirme ag Stáisiún Pumpála Crinkle | €50k | |
| Soláthar Uisce Cill Chormaic: (i) Scéim Príomhlíonra & Ceangal le SUT na Rátha (ii) Cosaint Fhoinse & Uasghrádú na háise. | €500k | CSBUT |
| Príomhlíonra Dhroichead na Sionainne go Cuan na Sionainne | €460k | CSBUT |
| Scéim Soláthar Uisce Chionn Eitigh: Uasghrádú Áise & Cosaint Fhoinse. | €80k | CSBUT |
| SSUR: Príomhlíonra Bhóthar Chionn Eitigh | €200k | CDBUT |
| Caidéal Ardaithe SSU Éadan Doire-Ród | €300k | CSBUT |
| Scéim Séarachais Géisill: Uasghrádú Áis Mheicniúil & Oibreacha Ionraon: | €75k | CSBUT |
| Monatóireacht Clóirínithe Feabhsaithe & Aláraim: Tá | | |

| | | |
|---|---|---|
| monatóirí clóirín agus aláraim ag na h-Áiseanna Cóireála Uisce Uile. | €300k | CSBUT |
| Scéim Shéarachais Chúil an tSúdaire; Uasghrádú an Chaidéil Ardaithe ó Stáisiún Pumpála Avondale. | €120k | CSBUT |

Thosaigh na scéimeanna seo a leanas i 2008:

| **Scéim** | **Costas** | **Foinse na Cistíochta** |
|---|---|---|
| Réamh-Oibreacha Séarach Trunca & Príomhlíonra Éadan Doire | €1.5m | CISU |
| Príomhlíonra Uisce Éadan Doire (i dteannta le Leathanbhanda) | €700k | CISU |
| Uasghrádú Idirthréimhse Scéim Shéarachais Suí an Róin | €300k | SRFS |
| Uasghrádú idirthréimhse Áis Cóireála Uisce Chluain na Slí | €270k | LLL |
| Uasghrádú Áis Cóireála Uisce Clóirtheach | €100k | LLL |
| Scéim Shuí an Róin/an Bhrosna & Dún Gair | €40k | LLL |

## SCÉIM UISCE THUAITHE

Bé Dáileadh 2008 ná:

| | |
|---|---|
| Uasghrádú do Scéimeanna Grúpa | €500,000 |
| Scéimeanna Grúpa Nua | €900,000 |
| Ceannas a ghlacadh ar Scéimeanna Grúpa | €63,000 |
| Scéimeanna Beaga | €800,000 |
| | €2,263,000 |

Bhí dáileadh na Scéimeanna Beaga meaitseáilte le €266,000 breise ó Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí mar a bhí éilithe ag RCORA.

## GNÍOMHAÍOCHT SCÉIMEANNA UISCE 2008

Fuair 7 scéim uisce grúpa nua ina iomlán cúnamh deontais sa bhliain reatha agus fuair 6 scéim eile cúnamh deontais maidir le hoibreacha athnuachana. Bhí an obair déanta suas de feabhsúcháin foinse, Taiscumair nua agus leathnaithe ar phíblíne.

Bhí 21 iarratas ina iomlán próiseáilte do dheontais tobar príobháideacha agus bhí €24,058.94 díolta i ndeontais i 2008.

Bhí 14 scéim soláthar uisce grúpa ina iomlán tar éis cur isteach le haghaidh íocaíochtaí fóirdheontais i 2008 agus bhí €521,465 díolta amach chuige seo.

Tá gach íocaíocht maidir le deontais tobar agus íocaíochtaí fóirdheontas faighte ar ais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar bhonn ráithe.

## TIONSCNAMH CAOMHNAITHE UISCE

Bhí an chéad chéim de Thionscnamh Caomhnaithe Uisce Uíbh Fháilí críochnaithe, agus thosaigh Céim 2 i 2007.

Laghdaigh Céim 1 den dtionscnamh an t-Uisce Gan Tuairisc le 3000m3 sa ló agus d'fheabhsaigh sé bainistíocht an Chórais Dáileadh Uisce go mór. D'éascaigh sé seo soláthar forbairtí nua, gan an cumas a leathnú agus chuir sé cosc leis an ngá le ciondáil uisce ó 2005. d' Fheabhsaigh an tionscnamh caomhnaithe uisce, i dteannta le tabhairt isteach córas bainistíochta bunaithe sa cheantar an tseirbhís do chustaiméirí go mór agus táthar ag súil mbeidh na feabhsaithe seo coimeádta suas i gcomhréir leis an gcúlra d'éileamh méadaithe ar uisce.

Thosaigh Céim 2 den dtionscnamh i 2007 agus beidh sé críochnaithe i 2009. Meastar go mbeidh sábháil de thimpeall 2,000$m^3$ sa ló déanta. Soláthróidh Céim 2 teile-mhéadair fheabhsaithe, bainistíocht brú agus tomhas méadair ar ghréasán dáilte an uisce. Feabhsóidh sé seo bainistíocht an ghréasáin agus feabhsóidh sé leibhéal na seirbhísí d'ár gcustaiméirí go mór.

Caithfidh na córais bhainistíochta gréasáin a tugadh isteach faoin dTionscnamh Caomhnaithe Uisce a bheith cothaithe ón mBuiséad Ioncaim.

Tá an Roinn Pleanála freagrach as polasaí úsáide talún, smacht forbartha le cosaint na hoidhreachta tógtha aiceanta agus conláiste an Chontae san áireamh.

Tá an polasaí úsáide talún á chur i bhfeidhm trí Phleananna Forbartha Chontae agus Baile, Pleananna Ceantair Áitiúil agus Pleananna Sráidbhaile agus Sráide. Tá próiseáil iarratais pleanála suas go 1,500 sa bhliain i gceist le Smacht Forbartha, i dteannta le gníomhaíocht cur i bhfeidhm cuí a thógáil, nuair atá sé riachtanach.

## ATHBHREITHNIÚ PLEAN FORBARTHA AN CHONTAE 2003 – 2009.

Tá athbhreithniú Plean Forbartha an Chontae ag an gcéim deiridh, nach mór. Chuaigh an plean dréachta ar thaispeántas poiblí i Feabhra 2008. Fuarthas ós cionn 400 aighneacht. Bhí Tuairisc Bhainisteora an Chontae ar na haighneachtaí ciorclaithe dos na baill in Iúl 2008. Tar éis cruinnithe na Comhairle, bhí na hathraithe ar an Dréacht curtha ar thaispeántas poiblí agus tugadh cuireadh d'aighneachtaí ar na hathraithe. Tá Tuairisc Bhainisteoir an Chontae ar na haighneachtaí a fuarthas, ar na hathraithe, á ullmhú agus táthar ag súil go dtugtar an plean isteach ag cruinniú na Comhairle in Eanáir 2009. Rachaidh an plean i bhfeidhm ceithre seachtain tar éis a ghlactha. .

Leagfaidh Plean Forbartha an Chontae amach straitéis iomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inchothaithe Chontae Uíbh Fháil le linn an chéad sé bhliain eile. Leagann sé amach na cuspóirí úsáide talún agus conláiste agus polasaithe na Comhairle.

## ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA BHAILE AN TULAIGH MHÓIR & A PHURLÁIN 2004 – 2010

Thosaigh athbhreithniú ar Phlean Forbartha Bhaile an Tulaigh Mhóir & a Phurláin 2004 – 2010 le linn 2008 i dteannta le Plean Forbartha Bhaile an Tulaigh Mhóir & a Phurláin nua don dtréimhse 2010 – 2016. D'ullmhaíodh tuairisc ar na haighneachtaí agus ciorclaíodh é do bhaill Chomhairle an Tulaigh Mhóir agus Comhairle Chontae Uíbh Fháilí i Nollag 2008. Táthar ag súil go rachaidh an Plean Dréachta ar thaispeántas poiblí i lár Iúil 2009.

## ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA BHAILE BIORRA & A PHURLÁIN 2004 - 2010

Thosaigh athbhreithniú ar Phlean Forbartha Bhaile Biorra & a Phurláin 2004 – 2010 in Aibreán 2008. Tá an Plean Dréachta á ullmhú agus beidh sé curtha ar taispeántas in Eanáir 2009 le haghaidh comhairliú poiblí.

## IARRATAIS PLEANÁLA

Leagann an tábla seo a leanas amach an nós i méid na n-iarratas pleanála faighte agus socraithe ag an gComhairle le cúig bhliain anuas.

| Bliain | Méid na n-Iarratas | Méid a Ceadaíodh | Méid a Diúltaíodh | Iomlán a Socraíodh |
|---|---|---|---|---|
| 2004 | 1828* | 891 | 273 | 1165 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2005 | 1462* | 859 | 217 | 1055 |
| 2006 | 1894* | 1120 | 212 | 1332 |
| 2007 | 1785* | 1421 | 250 | 1671 |
| 2008 | 1069* | 854 | 185 | 1039 |

(* Tá iarratais a bhí neamhbhailí san áireamh sa bhfigiúr seo)

## CRUINNITHE AN CHOISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH/CRUINNITHE CEANTAIR

Bhí naoi gcruinniú ar siúl le linn 2008 agus bhreathnaigh an Choiste ar na cúrsaí seo a leanas:

- Dréacht-Threoirlínte Deartha Tí
- Dréacht-Straitéis Tithíochta
- Tionscnaimh Turasóireachta
- Athbhreithniú ar Dhréacht-Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Dréacht-Straitéis Gaoithe
- Dréacht-Straitéis Miondíola
- Athrú ar Phlean Forbartha an Tulaigh Mhóir & a Phurláin 2004-2010

*Bhreathnaigh an SPC ar gach céim de Athbhreithniú Plean Forbartha an Chontae 2003 – 2009 le linn na bliana. D'éascaigh sé seo dul chun cinn mear athbhreithniú an Phlean, trína chéimeanna éagsúla.*

## TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA

Tosóidh athbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha i 2009.

Tá na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha mar ghné bunaithe anois den gcreatlach reachtaíochta agus polasaí do phleanáil spásúil in Éirinn. Caithfidh an Chomhairle aird a thabhairt ar na cuspóirí agus ar na polasaithe atá i dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha Lár na Tíre nuair atáid ag ullmhú Pleananna Forbartha acu.

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Deimhníonn smacht Bainistíochta Forbartha go gcloíonn forbairt le forálacha reachtúla m.sh. an Plean Forbartha, na hAchtanna agus na Rialacháin Pleanála Forbartha.

Tá gá le cead pleanála d'aon fhorbairt nó talamh nó sealúchas murach go bhfuil an fhorbairt mar fhorbairt díolúine. Tá oibreacha a bhaint amach (tógáil, leagadh, athrú) ar thalamh nó ar fhoirgnimh agus athrú ábhair na húsáide ar thalamh nó ar fhoirgnimh i gceist le forbairt.

## BONNEAGAR STRAITÉISEACH

Chuir an Bord Pleanála in iúl don gComhairle faoina bhreith ar chomhairliú réamh-phleanála i gcás tionscnaimh bhonneagair mhóir amháin i nDoire Dhraighneach. Tá an Chomhairle ag feitheamh ar sheachada an iarratais don mBord. Ina dhiaidh san, déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an iarratas, cosúil leis an próiseas atá i gceist le breith pleanála a dhéanamh agus ullmhóidh siad tuairisc le haghaidh aighniú don gComhairle agus don Bord Pleanála.

## TREOIRLÍNTE DEARTHA TEACH TUAITHE

Seoladh na Treoirlínte Deartha Teach Tuaithe le linn na bliana agus táid ar fáil saor in aisce don bpobal.

Féachann na Treoirlínte seo ar na gnéithe éagsúla le breathnú, nuair atáthar ag tógáil tí, ón am a roghnaítear an suíomh ceart go dtí an t-am a roghnaítear na hábhair chríochnaithe.

Tá na treoirlínte seo úsáidte, chomh maith, ag oifigigh phleanála ins an údarás áitiúil agus ag gníomhaireachtaí a aighníonn iarratais pleanála. Is é an chúis atá leo ná a bheith cabhrach agus tuiscint a thabhairt ar na gnéithe i gceist maidir le suíomh maith agus le dearadh maith.

## Scéim Athnuachan Baile 2000

Tá na bailte seo a leanas san áireamh ins an Scéim Athnuachana Baile, 2000:

- Beannchar
- An Féar Bán
- Éadan Doire
- Clóirtheach

Is é aidhm lárnach na scéime ná athchóiriú, comhdhlúthú agus feabhas ar fhabraic tógtha bailte na hÉireann a chur i gcríoch, in-líonadh íogair a chur chun cinn, agus lena linn seo, láir bhailte beaga a athchóiriú. Tá sealúchais chónaithe agus trádála san áireamh faoin scéim, a síníodh chuig an 31ú Iúil 2008.

## DEONTAIS CHAOMHNAITHE

Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí dáileadh cúnamh deontais €113,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Is é aidhm na scéime cabhrú le h-úinéirí nó le lonnaitheoirí struchtúr, atá cosanta de bharr a gcáil ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta nó teicniúla, aghaidh a thabhairt ar oibreacha caomhnaithe ar struchtúr dá leithéid.

Bhí deontais ó €1,500 go €16,000 leith-dháilte do 19 iarrthóir, ag braith ar ionannas maoinithe de 50% ar chostas na n-oibreacha.

## GÉILLIÚLACHT/CUR I BHFEIDHM

I gcomhréir le Cuid VIII den Acht Pleanála & Forbartha 2000, baineann na sonraí seo a leanas le h-imeachtaí cur i bhfeidhm i 2008:

- Litir Rabhaidh 255
- Fógraí Cur i bhfeidhm 85
- Ionchúisimh Cásanna Cúirte Ciorcad 35

## SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA

Bhí an Scéim Ranníocaíochta Forbartha athbhreithnithe ceadaithe ag an gComhairle, le linn na bliana. Tá Scéim Ranníocaíochta Forbartha Breise ar taispeántas d'uasghrádú na hÁise Séarachais sa Chlóirtheach.

Tá sonraí ar na méideanna faighte agus íoctha amach mar a bhí sé seolta dos na baill le Buiséad 2008, mar seo a leanas:

Ranníocaíochtaí Forbartha-Admhálacha agus Cur i bh-Feidhm Cistí Forbartha don dtréimhse ó Bhealtaine 2008-Samhain 2008.

| Fáltais | €000's |
|---|---|
| Iarmhéid ar Fáil – Bealtaine 2008 | 10,251 |
| Ranníocaíochtaí Faighte Bealtaine 2008 go Samhain 2008 | 470 |
| Íocaíochtaí Bealtaine 2008 – Samhain 2008 (féach thíos | 1,472 |
| Iarmhéid Ar Fáil – Samhain 2008 | 9,249 |

**Leithdháileadh na gCistí Forbartha**

| | |
|---|---|
| RAL 2008 CLÓIRTHEACH/AN FÉAR BÁN SUP | 26 |
| RAL 2008 SUP DÚN GAIR | 3 |
| RAL 2008 SUP SUÍ AN RÓIN/AN BHROSNACH | 8 |
| SS 2008 MODHANNA CRIPTEA RIOSCA DEARG & CAIGHDEÁN AN UISCE, ALÁRAIM | 35 |
| FAICHE IMEARTHA BHEANNCHAR | 40 |
| DCS08 ATHLÍNIÚ N52D BIORRA (TESCO) | 220 |
| BÓTHAR FAOISIMH ÉADAN DOIRE TALAMH CEA. Ó GLANBIA | 780 |
| FAICHE IMEARTHA AN FHÉIR BHÁIN | 40 |
| PUMPÁIL SCREABHAIGH PRÍOMH INST CAIDÉAL ARDAITHE BÓTHAR NA CARRAIGE | 20 |
| TIONSCNAIMH PHLEANÁLA FORBAIRT NÁISIÚNTA CÚRSA ROTHAÍOCHTA LOCH BOORA | 29 |
| SS UISCE CÚLDOIRE | 33 |
| SS ÉADAN DOIRE-SUW RÓD CAIDÉAL ARDAITHE | 50 |
| SS GÉISILL UASGHRÁDÚ MEICNIÚIL STP | 15 |
| SS CILL CHORMAIC UASGHRÁDÚ ÁIS CÓIREÁLA UISCE | 18 |
| SS BÓTHAR CHIONN EITIGH PRÍOMHLÍONRA BIORRA SCÉIM SU | 38 |
| SS UASGHRÁDÚ FOINSE SOLÁTHAR UISCE CHIONN EITIGH | 37 |
| SS CNOCÁN BHÁLAIS UASGHRÁDÚ SCÉIM SÉARACHAIS | 35 |
| UASGHRÁDÚ PHRÍOMHLÍONRA AN TULAIGH MHÓIR (LÁNA CNOC AN ARBHAIR) | 47 |

**IOMLÁN**

**1472**

**Ranníocaíochtaí Forbartha Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí ar fáil le haghaidh Íocaíochta ar an 30ú Samhain 2008.**

| **Cur Síos Ar an bPost** | **Cistíocht ar Fáil €000's** |
|---|---|
| Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Conláistí | 2,329 |
| Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Bonneagar | 524 |
| Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Fuíoll Uisce | 3,060 |
| Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Uisce | 2,609 |
| Ranníocaíocht Forbartha Speis. – Scéim Séarachais Éadan Doire | 357 |
| Ranníocaíocht Forbartha 2004 Speis. – Páirceáil Gluaisteán | 276 |
| Scéim Rann. Forbartha Speis. '04 – Caidéal Teann-chaidéalú Crapadh | 16 |
| Scéim Rann. Forbartha Speis. '04 – Séarach Uasghrádaithe an Daingean | 8 |
| Scéim Rann. Forbartha Speis. – Soláthar Comh. Dromcrá, Sliabh Lucas | 6 |
| Scéim Rann. Forbartha Speis – Feabhsú Bóthar & Príomhlíonra Dromcrá Sliabh Lucas | 45 |
| Scéim Rann. Forbartha Speis. – Aeróga Cumarsáide | 20 |

**IOMLÁN** **9249**

Fuarthas ranníocaíochtaí Forbartha de €2,812,314 le linn 2008.

**TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE**

| **P: Smacht Pleanála agus Tógála** | | |
|---|---|---|
| **P.1** | ***Iarratais Pleanála – Breitheanna a Dhéanamh*** | |
| | Méid na n-iarratas socraithe do thithe aonaracha | 657 |
| | méid na n-iarratas socraithe laistigh de 8 seachtain do thithe aonaracha | 57.68% |
| | Gan gá le tuileadh eolais | 276 |
| | Méid go raibh am breise aontaithe | 1 |
| | Méid ama ar an meán tógtha chun iarratas a shocrú sa chás go bhfuil eolas breise á lorg do thithe aonaracha | 75.76 days |
| | % na ndeontas do thithe aonaracha | 81.28% |
| | % na ndiúltaithe do thithe aonaracha | 18.72% |
| | % na gcásanna sa chás go raibh an breith deimhnithe le nó gan athrú ag an Bord Pleanála do thithe aonaracha | 40% |
| | (% na gcásanna sa chás go raibh an breith athraithe ag an Bord Pleanála do thithe aonaracha) | 6.66% |
| | % na gcásanna go raibh an breith casta siar ag an Bord Pleanála do thithe aonaracha | 53.33% |
| | % na n-iarratas socraithe d'fhorbairt tithíochta | 50 |

| | | |
|---|---|---|
| | % na n-iarratas críochnaithe socraithe laistigh de 8 seachtaine d'fhorbairt tithíochta | 42%<br>21 no. |
| | méid go raibh breis eolas éilithe dóibh | 29 |
| | méid le am breise aontaithe | 0 |
| | Méid ama ar an meán a thóg sé iarratas a shocrú sa chás go raibh breis eolais lorgtha do fhorbairt tithíochta | 81.28 days |
| | % na ndeontas d'fhorbairt tithíochta | 50% |
| | % na ndiúltaithe d'fhorbairt tithíochta | 50% |
| | % na gcásanna sa chás go raibh an breith deimhnithe le nó gan aon athrú ag an Bord Pleanála d'fhorbairt tithíochta | 72.73% |
| | (% ná gcásanna go raibh an breith athraithe ag an Bord Pleanála do thithíocht | 0% |
| | % na gcásanna go raibh an breith casta timpeall ag an Bord Pleanála do thithíocht | 27.27% |
| | Méid na n-iarratas socraithe d'aicmí eile: gan gá le MTC | 326 |
| | % na n-iarratas críochnaithe a socraíodh laistigh de 8 seachtaine d'aicmí eile: gan gá le MTC: | 57.36%<br>187 no. |
| | méid go raibh breis eolais riachtanach dóibh | 137 |
| | méid go raibh síneadh ama aontaithe | 0 |
| | Méid ama ar an meán a thóg sé iarratas a shocrú sa chás go bhfuil eolas á lorg d'aicmí eile: gan gá le MTC | 76.89 days |
| | % na ndeontas d'aicmí eile: gan gá le MTC | 89.26% |
| | % na ndiúltaithe d'aicmí eile: gan gá le MTC | 10.74% |
| | % na gcásanna go raibh an breith deimhnithe le nó gan aon athrú ag an Bord Pleanála d'aicmí eile: gan gá le MTC | 55.56% |
| | (% na gcásanna go raibh an breith athraithe ag an Bord Pleanála d'aicmí eile: gan gá le MTC) | 5.55% |
| | % na gcásanna go raibh an breith casta timpeall ag an Bord Pleanála d'aicmí eile: gan gá le MTC | 38.89% |
| | Méid na n-iarratas socraithe d'aicmí eile: gá le MTC | 6 |
| | requiring MTC % na n-iarratas (críochnaithe) gur socraíodh laistigh de 8 seachtaine d'aicmí eile: | 33.33%<br>2 no. |
| | méid go raibh gá le breis eolais | 4 |
| | méid go raibh síniú ama aontaithe | 0 |
| | Méid ama ar an meán a thóg sé iarratas a shocrú sa chás go bhfuil eolas á lorg d'aicmí eile: gá le MTC | 148 days |
| | % na ndeontas d'aicmí eile: gá le MTC | 66.67% |
| | % na ndiúltaithe d'aicmí eile: gá le MTC | 33.33% |
| | % na gcásanna go raibh an breith deimhnithe le nó gan aon athrú ag an mBord Pleanála d'aicmí eile: gá le MTC | 0% |
| | (% na gcásanna go raibh an breith athraithe ag an mBord pleanála d'aicmí eile: gá le MTC) | 0% |
| | % na gcásanna go raibh an breith casta timpeall ag an Bord Pleanála d'aicmí eile: gá le MTC | 100% |
| **P.2** | ***Cur i bhfeidhm na Pleanála*** | |
| | Méid iomlán na gcasann faoi phróiseas gearáin atá fiosraithe | 122 |
| | Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin atá caite amach | 29 |

| | | |
|---|---|---|
| | socraithe trí chainteanna | 52 |
| | Méid na ngnáthamh cur i bhfeidhm tógtha trí litir rabhaidh | 255 |
| | Méid na ngnáthamh cur i bhfeidhm tógtha trí fhógraí cur i bhfeidhm | 85 |
| | Méid na n-ionchúiseamh | 18 |
| **P.3** | Méid na n-uaireanta cloig oscailte sa tseachtain ar an meán | 32.5 |
| | méid na gcruinnithe comhairliúchán réamh-phleanála | 120 |
| **P.4** | Méid ama ar an meán ón iarratas do chomhairliú le pleanálaí an údaráis áitiúil go dtí an cruinniú foirmiúil féin do chomhairliú réamh-phleanála | 8 lá |

## GEATA LÁR NA TÍRE

Thug Comhairle Baile an Tulaigh Mhóir agus Comhairle Chontae Uíbh Fháilí isteach Athrú ar Phlean Forbartha an Bhaile agus a Phurláin agus soláthróidh sé seo an chreatlach pleanála d'fhorbairt an Tulaigh Mhóir mar chuid de Gheata Lár na Tíre. Tugann an creatlach pleanála seo tacaíocht do chur i bhfeidhm na cistíochta do Chiste Nuálaí an Gheata. Tá ionadaithe ón dá Chomhairle i dteannta leis na gníomhaireachtaí céime éagsúla, IT Átha Luain agus Údarás Réigiúnach Lár na Tíre san áireamh i bhFóram Cur i bhFeidhm bunaithe ag Comhairlí Chontae na h-Iar Mhí agus Uíbh Fháilí. Bhunaigh an Fóram Cur i bhFeidhm trí cinn de fho-ghrúpaí mar seo a leanas:

- Fo-Ghrúpa Iomaíochta
- Fo-Ghrúpa Ambasadóirí Lár na Tíre
- Fo-Ghrúpa Brandála

Tá iniúchadh scileanna á dhéanamh ar son an Fhóraim ag IT Átha Luain chun riachtanais na scileanna agus easnaimh a fháil amach trasna lár na tíre. Leanfaidh an fóram ag aithint aicmí inar féidir le moltaí Tuairisc Indecon a bheith curtha i bhfeidhm trí gníomhaíochtaí idir-ghníomhaireachta.

## BORD FORBARTHA AN CHONTAE

I gcomhréir leis na moltaí in Athbhreithniú Indecom ar Bhoird Forbartha Chontae & Cathrach bunaíodh Coiste Forbartha Eacnamaíochta Idir-ghníomhaireachta i 2008. Tá Bord Forbartha an Chontae i gceannas ar an gCoiste seo agus táid ag cur roinnt gníomhaíochtaí chun cinn do 2009 le forbairt Paca Eolais ina measc ar an Tacaíocht ar fáil do ghnó i gcruachóip agus trí shuíomh idirlín tairseach.

## PLEAN FORBARTHA AN CHONTAE 2009-2015

Leagann Plean Forbartha an Chontae a tugadh isteach go luath i 2009 síos na polasaithe, na cuspóirí agus criosú talún chun forbairt eacnamaíochta, fiontair agus fostaíochta iomlán an Chontae a éascú. I measc na gcuspóirí príomha tá forbairt Geata Lár na Tíre; forbairt chnuasach tionsclaíocha; agus forbairt tionscail agus seirbhísí dúchasacha ó bheag go meánach.

## COMHOIBRIÚ LE GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT

Ceann de ghnéithe príomha cur chuige na Comhairle do fhorbairt eacnamaíochta an Chontae ná comhoibriú agus páirtíocht idir na gníomhaireachtaí stáit agus leath-stáit mar UFT, Fiontar Éireann agus Bord Fiontair an Chontae. Buaileann an Chomhairle le chéile go rialta leis na gníomhaireachtaí uile chun comhthionscnaimh a chur chun cinn agus deireadh agus réamh-sheachaint a chur le haon bhacainní don dul chun cinn.
Tá an Chomhairle ag caint le UFT na hÉireann faoi láthair faoi chomhfhiontar d'fhorbairt agus do mhargú Páirc Theicneolaíochta Gnó i gCluain Mínse, an Tulach Mór.

Tá an Chomhairle ag caint, chomh maith, le Forbairt na Sionainne maidir le forbairt Tionscnamh e-Bhaile i mBeannchar. I measc tionscnaimh comhoibritheacha eile le Forbairt na Sionainne tá ath-fhorbairt Cuan na Sionainne le Maoiniú PFN trí Fháilte Éireann.

## COMHLACHTAÍ PÁIRTÍOCHTA

Glacann an Chomhairle páirt agus soláthraíonn siad tacaíocht rúnaíochta do Pháirtíochtaí Uíbh Fháilí Thiar agus Uíbh Fháilí Thuaidh. Thosaigh forbairt Páirc Gnó Ródas i Samhain 2008 agus tá sé sceidealta le bheith críochnaithe i Lúnasa 2009. Tá éileamh ar shuímh i bPáirc Gnó an Fhéir Bháin tar éis laghdú le déanaí de bharr coinníollacha eacnamaíochta athraithe ach leanfaidh an Chomhairle, áfach, ag uasghrádú agus ag cur suímh chun cinn i gcomhoibriú le Gníomhaireachtaí Stáit agus le Grúpaí Pobail. Leanann an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí pobail áitiúla, mar Cumann Forbartha Chill Chormaic, chun cabhrú leo fiontar áitiúil a fhorbairt ina gceantair.

Tá an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do Scéim Dreasachta Cánach na Sionainne a seoladh le linn 2008. Clúdaíonn an Scéim ceantar forleathan de Chontae Uíbh Fháilí. Chuige seo bhí roinnt fiosraithe réamh-phleanála maidir le tionscnaimh shonracha agus tá roinnt bheag díobh tar éis casadh ina n-iarratais pleanála iomlána. Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt comhairle agus cúnaimh in aon slí gur féidir leis buntáistí na scéime seo a dhéanamh chomh mór agus is féidir d'Uíbh Fháilí.

## TURASÓIREACHT

Leanann Comhairle Chontae Uíbh Fháilí a bheith ina bhall gníomhach den Ghrúpa Idir-Ghníomhaireachta Turasóireachta a bhí bunaithe mar fho-choiste de Bhord Forbartha an Chontae. Tá an Grúpa déanta suas de ionadaíocht ó Fháilte Éireann Thoir agus Lár na Tíre, Forbairt na Sionainne, Bord Fiontair an Chontae agus Leader cheana.

Tá an Grúpa Idir-Ghníomhaireachta ag obair chun na hocht bpiléir do Thurasóireacht in Uíbh Fháilí a fhorbairt mar atá aitheanta i dTuairisc Thurasóireachta McIvor. Leanann an grúpa ag aithint táirgí turasóireachta cuí don gContae, go háirithe maidir le ceantair mar Thalamh Páirce Loch Boora, Sliabh Bladhma agus na canálacha chun an táirge turasóireachta iomlán ar fáil sa chontae a mhéadú.

Dhein an Tulach Mór óstaíocht ar Fhleadh Ceoil na hÉireann i 2008 agus déanfaidh siad é seo arís i 2009. Tugann sé seo spreagadh mór don ngeilleagar áitiúil agus gineann sé meabhraíocht nua faoi mhealltacht an Chontae do chuairteoirí.

Dhein an Tulach Mór óstaíocht, chomh maith, ar Chomhdháil Móna an Domhain le linn 2008. Bhí an t-aiseolas ó eagarthóirí na Comhdhála an-dearfach. Déanfaidh an Tulach Mór óstaíocht ar Chomhdháil Náisiúnta an Chomhairle Oidhreachta don gcéad uair le fada i 2009.

Tá an Tulach Mór aitheanta mar cheann de ionaid comhdhála móra na tíre. Tugann an teacht éasca ar an áit agus iliomad mealltachta an bhaile agus timpeall an chontae taitneamh thar na bearta dóibh siúd atá ag freastal ar na comhdhálacha.

## *SEIRBHÍS OIDHREACHTA UÍBH FHÁILÍ*

Tá Plean Oidhreachta Uíbh Fháilí 2007 – 2011 seachadta i bpáirtíocht le Fóram Oidhreachta Uíbh Fháilí rud atá mar acmhainn luachmhar don gContae. Buaileann an Fóram le chéile ceithre uair sa bhliain le grúpaí oibre, de réir mar is gá, i leith thionscnamh sonrach le linn na bliana. Tá ballraíocht an fhóraim mar seo a leanas.

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Danny Owens | Cathaoirleach Choiste Polasaí Straitéiseach, ina Ionadaí do Bhord Forbartha an Chontae |
| Maura Allen | Fóram Pobail |
| Michael Roche | Eolaire Bonneagair, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí |
| Alex Copland | Faire Éan na hÉireann |
| Perpetua McDonagh | Leader Uíbh Fháilí |
| Stephen McNeill | Cumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fháilí |
| Christine Byrne | Cumann Forbartha Tuaithe Sliabh Bladhma |
| Fiona Devery | Reacordaire Cumann Luibheolaíoch d'Uíbh Fháilí |
| Tom Egan | Bord na Móna Teo. |
| Richard Wheelan | Coillte |
| William Dooley | Teagasc |
| Val Swan | Seirbhís na bPáirc Náisiúnta agus Fiabheatha |
| Caimín O'Brien | Seirbhís Náisiúnta na Leachtanna |
| Pádraig Brazil | Cumann Feirmeoireachta na hÉireann |
| Gordon Daly | Pleanálaí Sinsir, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí |
| Louis Byrne | Uisce Bealaí na hÉireann |
| Amanda Pedlow | Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí |

### <u>CLÁR OIBRE 2008</u>

### TIONSCNAMH RÍOCHT BIORRA

Tá an tionscnamh seo á dhéanamh i bpáirtíocht le Comhairle Bhaile Biorra, Forbairt na Sionainne agus an Chomhairle Oidhreachta. Déanann sé scrúdú ar ghnéithe poiblí Biorra, na scéimh sráideanna agus na ceantair oscailte, agus déanann sé moltaí d'oibreacha an todhchaí agus do thionscnaimh a uasghrádóidh na ceantair seo. Bhí comhairliú poiblí mór ann agus tá an tuairisc ina dréacht anois ag deireadh na bliana.

### TUAIRISC AR THEACH NA MBOCHT, BIORRA

Bhí Ailtirí Howley Hayes coimisiúnaithe chun scrúdú a dhéanamh agus tuairisc a ullmhú ar Theach na mBocht, Biorra agus é a chur i gcomhthéacs na dTeach Bocht go náisiúnta. Déanfaidh siad moltaí do chúram agus d'úsáid an tsuímh sa todhchaí.

### TIONSCNAMH TAIFEADTA CLOCH SNOITE – CÉIM 1

Bhí an cros ard ag Darú, Tigh Eille, Saighir Chiaráin (bonn) agus Cionn Eitigh scanta ag baint úsáid as scanadh 3d léasar agus solas straidhpe i dteannta leis an gcloch snoite uile i Raithean, roinnt de slabaí reilige Gailinne, an teach gloine i Suí an Róin agus an droichead ag Baile Mhic Adaimh. Beidh na sonraí seo próiseáilte agus curtha ar fáil ar an suíomh idirlín i 2009.

## SIOPAÍ OIBRE FIONNADH FIABHEATHA UÍBH FHÁILÍ

Bhí naoi gcinn de shiopaí oibre ar siúl ar mhaidineacha Sathairn, ó 10.00r.n. go 1.00i.n., leis an gcuid is mó acu mar bhronnadh ó chainteoir ar feadh timpeall 45 nóiméad, agus turas páirce lasmuigh ina dhiaidh san. Bhí an siopa oibre seachadta i n-dhá "shéasúr", ó Bhealtaine-Meitheamh agus ó Mheán Fómhair-Deireadh Fómhair. Thug na siopaí oibre slua nua isteach agus cuirfear in iúl dóibh faoi ócáidí Club Páirce nua don bhliain seo chugainn.

## PLEAN BAINISTÍOCHTA CAOMHNAITHE DO SHUÍOMH MAINISTREACH RAITHEAN

Tá Raithean mar cheann de phríomh suíomh mainistreach san Chontae. Aithnítear é mar shuíomh go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta aige. Seoladh an Plean Caomhnaithe don suíomh seo le linn na bliana agus leanann obair ar a chaomhnú faoi chúram James Howley ó Ailtirí Howley Hayes.

## MEABHRAÍOCHT AILTIREACHTA

Bhí naoi lá de ócáidí oidhreachta comhordaithe don tSeachtain Oidhreachta i Lúnasa agus i Meán Fómhair. D'fhreastail breis is 90 duine ar an 29ú Samhain ar an Seimineár Oidhreachta Bliantúil, de fhaid aoin lae, i mBiorra a thugann eolas suas chun dáta ar thionscnaimh oidhreachta an chontae agus a éascaíonn teagmháil idir dhaoine le suim acu ins na gnéithe sin.

## TIONSCNAIMH CHAOMHNAITHE

Lean oibreacha caomhnaithe i gcaisleán Blundell, Éadan Doire agus ag Geataí Synge Field i m-Biorra.

Leanann an Oifig Oidhreachta ag tabhairt comhairle agus tacaíochta do ghrúpaí agus do dhaoine aonaracha chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil.

Tugann Pobal agus Fiontar tacaíocht d'aidhmeanna agus do straitéisí Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí mar seo a leanas:

**AG SOLÁTHAR CEANNASAÍOCHTA SIBHIALTA D'UÍBH FHÁILÍ AGUS DÁ MUINTIR UILE, IS GUR CUMA A TOSCA NÓ A CÚLRA**

**AG TABHAIRT TACAÍOCHTA DO BHORD FORBARTHA CHONTAE UÍBH FHÁILÍ**

Foilsíodh Tuairisc Indecon ar an Athbhreithniú ar Bhoird Fhorbartha Chontae in Eanáir 2008 agus ghlac an Rialtas leis. Bunaíodh Grúpa Idir-Rannach chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a bhí i dTuairisc Indecon. Tá Bord Forbartha an Chontae ag súil leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh Bord Forbartha an Chontae níos éifeachtaí agus go mbíonn ról níos fearr acu i gcomhordú soláthar na seirbhísí poiblí i gContae Uíbh Fháilí.

Tá Bord Forbartha an Chontae i bpróiseas Plean Gníomhach a ullmhú faoi láthair do 2009-2012, i.e. na blianta atá fágtha dá Straitéis deich mbliana (2002-2012) "Ag Cur an Todhchaí i bh-Fócas 2009 – 2012". Táthar ag súil go mbeidh méid teoranta gníomhaíochta aitheanta don dtréimhse seo agus díreoidh siad ar na gníomhaíochtaí san a éilíonn comhoibriú agus tacaíocht tras-ghníomhaireachta. Is iad na haicmí príomha chun díriú orthu do 2009-2012 ná forbairt eacnamaíochta & tacaíocht fostaíochta, iniamh sóisialta, cúnamh oideachais agus forbairt inchothaithe. Beidh an plean seo ceadaithe ag Bord Forbartha an Chontae go luath i 2009.

Ag Cruinniú de chuid Comhlacht Forbartha Áitiúil Comhtháite Uíbh Fháilí a bhí ar siúl ar an 1ú Samhain 2008 bhí an bheirt deiridh den 23 ainmní iomlán ceaptha don mBord. Tugann an comhlacht nua le céile na ceithre comhlacht reatha de Leader Uíbh Fháilí, "Wider Options" an Tulach Mór, Páirtíocht OAK Teo. agus Páirtíocht Uíbh Fháilí Thiar. Bhí an Rannóg Pobail agus Fiontair ag éascú bunú comhlachta nua agus dhearnadar bainistíocht ar an bpróiseas toghchánach don bpobal agus ar an earnáil pobail don Chomhlacht nua. Ar an 31ú Nollaig tá an próiseas toghchánach do cheapadh Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin den gComhlacht ar láimh. Meastar go mbeidh eagraithe foirmiúla déanta tar éis na dtoghchán áitiúil d'ionadaíocht ag CFACU ar Bhord Forbartha Chontae Uíbh Fháilí ag tógáil áit iad san atá ainmnithe ag na comhlachtaí forbartha áitiúla reatha.

Beidh an comhlacht nua freagrach as seachadadh an Chláir Forbartha Tuaithe agus an Chláir Iniamh Shóisialta Forbartha Áitiúil ar bhonn comhordaithe agus comhtháite ins na blianta atá le teacht i gContae Uíbh Fháilí go léir. Beidh an comhlacht freagrach, chomh maith, as seachadadh clár eile ó am go h-am.

**COMHAIRLE NA NÓG**

Ceann des na forbairtí príomha i bPobal & Fiontar na bliana seo ná Comhairle na nÓg. Bhí toghcháin 2008/2009 ar siúl i Samhain 2008 agus ó shin tá suim thar na bearta i gComhairle na nÓg ag daoine óga agus ag oibrithe leis an óige. Buaileann feidhmigh na Comhairle le chéile ar bhonn míosúil agus oibríonn siad ar thionscnaimh go n-aithníonn na daoine óga iad mar ghnéithe a bhaineann le óige Uíbh Fháilí go caithfidh bheith curtha os comhair an phobail agus tacaíocht a fháil. Tá ionadaíocht fhorleathan i mballraíocht Comhairle na nÓg ina bhfuil daoine óga scaipthe go geografach agus go sóisialta le díograis & diongbháilteacht thar na bearta ag gach oibrí óige agus ag gach gníomhaireacht don óige sa Chontae.

Leanfaidh cur i bhfeidhm clár uasghrádaithe Comhairle na nÓg i 2009. Chuige seo bhí an Tionscnamh Bíodh Aithne Agat Ar d'Údarás Áitiúil seachadta go naoi scoil sa chontae.

## AG TABHAIRT TACAÍOCHTA DO FHÓRAM AN PHOBAIL PÁIRT A GHLACADH I BHFORBAIRT PHOLASAÍ

Le linn na bliana cheap an Chomhairle Oibrí Tacaíochta Fóram Pobail ar a fhoireann. Is é príomh chúram an Oibrí Tacaíochta Pobail ná cabhair a thabhairt don Fhóram Pobail a struchtúir a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil guth an phobail cloiste ag leibhéil na mbreitheanna a dhéanamh in Uíbh Fháilí. Ghníomhaigh an Fóram Pobail ról tábhachtach i dtoghadh a ionadaithe do Chomhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fháilí. Leanfaidh an Roinn P & F ag cabhrú le h-ionadaithe an Fhóraim Pobail i mbreitheanna a dhéanamh ar bhonn áitiúil, comhairle agus tacaíocht a thabhairt agus Siopaí Oibre Traenála agus tabharfar eolas don bpobal trí an suíomh idirlín www.offalycommunityforum.com agus trí litreacha nuachta. Seasann ballraíocht Fóram Pobail Uíbh Fháilí anois ag 350 grúpa – méadú 100 ós cionn figiúir 2007.

## AG UASMHÉADÚ INFHEISTÍOCHTA TÁIRGIÚLA AGUS MAR SIN AG ÉASCÚ CRUTHÚ POST MAITH, INCHOTHAITHE SA CHONTAE

Cuireadh moladh na Tuairisce Indecon ar bhunú Fo-Choiste Forbartha Eacnamaíochta i bhfeidhm le bunú fo-choiste atá comhordaithe ag Bord Fiontair Chontae Uíbh Fháilí agus ag aisfhilleadh trí an Roinn Pobail & Fiontair chuig Bhord Forbartha iomlán an Chontae uile.

## UÍBH FHÁILÍ A DHÉANAMH INA ÁIT DEAS, SÁBHÁILTE AGUS TAITNEAMHACH CHUN CÓNAÍ AGUS CHUN OBAIR ANN

### SPÓRT

Feidhmíonn Páirtíocht Spóirt Uíbh Fháilí faoi anáil Bhord Forbartha an Chontae. Sheol Mr. John Treacy, Cathaoirleach Chomhairle Spóirt na hÉireann an Plean Straitéiseach Páirtíochta 2008-2010 le linn 2008.

Bhí cláir spóirt seachadta chuig bhreis agus 50 Bunscoil sa chontae. Tá Oifigeach Míchumais lán aimseartha ceaptha agus tá sé maoinithe ós na Cuntais Díomhaoine.

Déanadh teagmháil le breis agus aon chéad duine le míchumais éagsúla orthu le linn na bliana trí chur i bhfeidhm clár spóirt gníomhach fisiceach agus clubanna spóirt nua-bhunaithe sa chontae.

Seachadann an Pháirtíocht cláir, chomh maith, do Chlubanna Spóirt agus tugann siad tacaíocht do chlubanna ag déanamh iarratais ar mhaoiniú caipitil don Crannchur Náisiúnta.

D'ullmhaigh an grúpa idir-ghníomhaireachta de Bhord Forbartha an Chontae Straitéis Imeartha dréachta don gcontae. Tá an Straitéis Imeartha dréachta anois leis na heagraíochtaí comhábhair éagsúla, le haghaidh a mholta uatha san, sula dtéann sé ar ais go Bord Forbartha an Chontae chun é a thabhairt isteach.

## AG FORBAIRT COMHGHREAMAITHEACHTA AGUS INIAMH SÓISIALTA LAISTIGH DE AGUS TRASNA AN CHONTAE

Ar an 22ú Feabhra 2008 sheol Grúpa na Modhanna Iniamh Sóisialta a Straitéis Frith-Bhochtaineachta don gContae. Tá Grúpa na Modhanna Iniamh Sóisialta ina ghrúpa idir-ghníomhaireachta de Bhord Forbartha an Chontae. Is iad tosaíochtaí príomha Grúpa na Modhanna Iniamh Sóisialta ná:

- cur i bhfeidhm na Straitéise Frith-Bhochtaineachta Áitiúil,
- cur i bhfeidhm an Phlean Oibre a Thacaíonn leis na Pobail Mhionlaigh,

- cur i bhfeidhm Tionscnamh Fostaíochta an Lucht Siúil agus soláthar seirbhísí comhtháite dóibh,
- ag leanúint leis an dtacaíocht dóibh siúd atá dífhostaithe ar feadh tréimhse fada.

.
D'fheidhmigh an Tionscnamh Idir-ghníomhaireachta maidir le Pobal an Lucht Siúil maoinithe ag an Roinn Dlí, Cirt agus Leasú Dlí trí Bhord Forbartha an Chontae/an Chomhairle don dtréimhse ó Nollaig 2007 go Nollaig 2008. Bhí Oifigeach Eolais an Lucht Siúil fostaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí faoin dTionscnamh seo agus bhí sé gafa le foilsiú litreacha nuachta ar bhonn ráithe chun iad a dháileadh do Phobal an Lucht Siúil agus do ghníomhaireachtaí a oibríonn leo. Bhí fostú Oibrí Tacaíochta oideachais ag Gluaiseacht Lucht Siúil an Tulaigh Mhóir agus obair ar sholáthar seirbhís Réiteach Coimhlintí / Idirghabhála do phobal an Lucht Siúil i lár na tíre agus é comhordaithe ag FSS i measc gnéithe eile den dtionscnamh. Thug FÁS aghaidh ar chomhordú iomlán an tionscnaimh.

D'eagraigh an Chomhairle traenáil do thraenálaithe maidir le rannpháirtíocht vótálaithe i rith na bliana. Eagróidh na traenálaithe seo siopaí oibre anois ins na ceantair thoghchánacha éagsúla mórthimpeall an chontae chun eolas a sheachadadh maidir le Toghcháin Áitiúla agus na Toghcháin Eorpacha i 2009 do sprioc grúpaí, d'oibrithe imirceacha agus do phobail nua, ach go háirithe.

Leanfaidh an Roinn P & F ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh eile le linn 2009 mar Dhuaiseanna Cathaoirligh Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí, ag forbairt ionad deonaí do Bhród As d' Áit Uíbh Fháilí, ag cur an cleachtas is fearr chun cinn agus uasghrádú an phobail, rannpháirtíocht leanúnach i gClár Oideachais Outreach Uíbh Fháilí agus rannpháirtíocht i nGrúpa Idir-ghníomhaireachta Bord Forbartha an Chontae maidir le míchumas.



*Toghchán Chomhairle na nÓg, Samhain 2008*

## FEIDHM

Bainistíocht airgeadais straitéiseach Údaráis Áitiúla Cheatharlach a phleanáil agus seirbhísí an fheidhm airgeadais a seachadadh ar bhonn mear, éifeachtach agus proifisiúnta.

## STRAITÉISÍ

- Córais eolais cuntasaíochta agus bainistíochta a fhorbairt a sheachadann an bonn is fearr agus is féidir do phleanáil, do bhuiséadú agus do bhreitheanna a dhéanamh sa todhchaí chun na hacmhainní airgeadais ar fáil a uasmhéadú.
- Coincheapa luach as an airgead a chur chun cinn agus a dhíriú agus cultúr d'úsáid éifeachtach na n-acmhainní a thabhairt isteach.
- Buiséad airgeadais bhliantúil a ullmhú a léiríonn ár gcuspóirí corparáideacha.
- An córas bainistíochta airgeadais a uasghrádú agus go háirithe, soláthar eolais bainistíochta airgeadais níos fearr.
- Díolachán tapaigh dos na soláthraithe a dheimhniú.
- Cultúr luach as an airgead a chur chun cinn san eagraíocht.

## SEIRBHÍSÍ

Déileálann an Roinn Airgeadais le h-airgeadú gearr-théarmach agus fad-théarmach feidhmeanna uile na Comhairle, de nádúr Ioncaim agus Caipitil. Táid seo a leanas i gceist:

- Monatóireacht agus smacht ar ioncam agus caiteachas.
- Ag eagrú riachtanas iasachta/léasaithe.
- Bainistíocht Chistíochta.

Deimhníonn an Roinn, chomh maith, géilliúlacht le gach prionsabal cuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a bhaineann leis an airgead uile díolta ag nó leis an Chomhairle.

Tá ioncam agus caiteachas ó lá go lá na Comhairle faighte ó fhoinsí mar:

- Rátaí Trádála;
- Ciste an Rialtais Áitiúil;
- Deontais Rialtais;
- Cíos Tithíochta, Táillí Pleanála, Táillí Trádála Uisce agus Táillí eile.

## IS IAD NA RANNA PRÍOMHA LAISTIGH DEN AIRGEADAS NÁ:

### CUNTASAÍOCHT AIRGEADAIS AGUS BAINISTÍOCHTA

Sé atá i gceist le tuairisciú airgeadais ná ullmhú na Ráiteas Airgeadais Bliantúla agus tuairiscí reachtúla eile agus déileáil le próiseas Iniúchta an Rialtais Áitiúil. Sé atá i gceist le Cuntasaíocht Bainistíochta ná ullmhú tuairiscí bainistíochta míosúla chun cabhrú le smacht buiséadach agus le próiseas na mbreitheanna laistigh de gach stiúrthóireacht. Tá an próiseas Buiséad Bhliantúil comhordaithe ag an rannóg seo. Soláthraíonn an rannóg seo anailís athraithis, eolas costála agus eolas airgeadais eile atá éilithe ó chustaiméirí inmheánacha agus eachtracha.

## BAILIÚCHÁN IONCAIM LÁRNAIGH

Gnóthú Rátaí Trádála, riarachán cuntais Iasachta Tithíochta, fiacha a bhailiú agus fáltas ar gach airgead dlite don Chomhairle.

## CUNTAIS INÍOCTHA

Clárú na sonrasc faighte de chuid gach soláthraí agus próiseáil lárnach na sonrasc. Críoch na timthriallach ó Cheannach go h-íoc le híoc seachtainiúil na seiceanna.

## PÁ ROLLA

Próiseáil an phá seachtainiúil agus íocaíocht dhá seachtain an tuarastail agus pinsin. Tuairisceáin Reachtúla uile a chur chuig na Cigirí Cánacha.

## OIFIG CHÁIN GLUAISTEÁN

Bailíonn an Chomhairle dleachtanna ceadúnas feithicle agus eisíonn siad ceadúnais tiomána (sealadacha, iomlána agus cóipeanna) laistigh dá ceantar feidhmeach ar son an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## ROLLA NA SÓCMHAINN SOCHAR

Taifeadadh agus cothabháil na sócmhainní sochar uile faighte (cruthaithe nó ceannaithe) agus curtha de láimh le linn na bliana. Géilliúlacht na bpolasaithe cuntasaíochta maidir le sócmhainní agus obair-ar-siúl mar chatagóirí sócmhainne, brait caipitil, bunú jab caipitil agus araile.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Comhordú feidhm an Bhainistíocht Riosca laistigh de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí.

## <u>IS IAD NA TUAIRISCÍ PRÍOMHA FOILSITHE AG AIRGEADAS NÁ:</u>

## AN BUISÉAD BLIANTÚIL

An Roinn Airgeadais:

- a ullmhaíonn an Buiséad Ioncaim iomlán i gcomhairle le Bainisteoir an Chontae agus an Fhoireann Bhainistíochta;
- a bhronnann é ar an nGrúpa Polasaí Corparáideach;
- a bhronnann é dos na Baill Tofa le haghaidh a ghlactha ag Cruinniú Bliantúil an Bhuiséid.

## AN RÁITEAS BLIANTÚIL AIRGEADAIS (RBA)

Tá an RAB foilsithe ar bhonn bliantúil agus tugann sé le chéile gach ioncam agus caiteachas a bhaineann le hioncam don bhliain, le barrachas nó easnamh na bliana mar thoradh air. Taispeánann an Clár Comhordaithe sócmhainní agus dliteanais an Chomhairle Chontae ag deireadh na bliana. Ullmhaítear tuairisc ar Ioncam agus Caiteachas na jabanna Caipitil, chomh maith. Bronntar cuntais dos na baill ag Cruinniú na Comhairle agus déanann Iniúchóir an Rialtais Áitiúil iniúchadh air.

## TUAIRISCÍ MÍOSÚLA BAINISTÍOCHTA

Soláthraíonn an tuairisc bhainistíochta mhíosúil sonraí ar ioncam agus caiteachas na seirbhísí éagsúla soláthraithe ag an gcomhairle. Tá na torthaí iarbhír curtha i gcomparáid leis an m-Buiséad agus déantar fiosrú ar gach éagsúlacht chun cabhrú le monatóireacht agus le smacht an Bhuiséid. Tá an tuairisc dáilte agus pléite leis an bhfoireann bhainistíochta ag an gcruinniú bliantúil.

*Sliocht ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Neamh-iniúchta don Bhliain dár Críoch Nollaig 31, 2008*

## RÁITEAS CUNTAIS DRÉACHTA IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2008

Tugann an Ráiteas Cuntais Ioncam agus Caiteachas le chéile gach ioncam a bhaineann le h-ioncam agus caiteachas. Taispeánann sé barrachas/(easnamh) na bliana.

| | **Caiteachas Comhláin Caiteachas** | **Ioncam** | **Caiteachas Glan** | **Glan** |
|---|---|---|---|---|
| | **2008** | **2008** | **2008** | **2007** |
| **Caiteachas ag an Roinn** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Tithíochta agus tógála | 7,121,765 | 6,032,826 | 1,088,939 | 1,160,132 |
| Iompair ar bhóthar & sábháilteachta | 16,718,857 | 12,577,624 | 4,141,232 | 5,299,920 |
| Seirbhísí uisce | 11,506,901 | 3,538,505 | 7,968,396 | 6,941,021 |
| Bainistíocht forbartha | 4,693,190 | 1,130,949 | 3,562,241 | 2,077,083 |
| Seirbhísí timpeallachta | 10,652,989 | 7,731,369 | 2,921,620 | 96,481 |
| Caitheamh aimsire agus conláiste | 3,339,915 | 576,148 | 2,763,767 | 2,171,824 |
| Talmhaíocht, oideachas, sláinte & leas | 4,795,859 | 4,505,523 | 290,336 | 637,416 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | 7,629,460 | 4,221,141 | 3,408,319 | 3,746,024 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | 66,458,935 | 40,314,085 | | |

| | | |
|---|---|---|
| Costas Glan na Ranna le bheith maoinithe ó Rátaí agus ó Chiste an Rialtais Áitiúil | 26,144,850 | 22,129,902 |
| Rátaí | 7,668,669 | 6,817,009 |
| Ciste an rialtais áitiúil / deontas do chúis ghinearálta | 17,661,400 | 16,512,029 |
| Táille an Chontae | 2,012,391 | 1,856,102 |
| **Barrachas/(Caillteanas) don bhliain roimhe** | 1,197,610 | 3,055,239 |
| **Aistrithe ó/(go) Cúlchistí** | (1,217,165) | (3,072,084) |
| **Barrachas Iomlán/(Caillteanas) don Bhliain** | (19,555) | (16,845) |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 1ú Eanáir** | (64,991) | (48,146) |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 31ú Nollaig** | (84,546) | (64,991) |

*Sliocht ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Neamh-iniúchta don Bhliain dár Críoch Nollaig 31, 2008*

## CLÁR COMHORDAITHE DRÉACHTA AR AN 31Ú NOLLAIG 2008 DE CHUID COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHÁILÍ

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Socraithe** | | |
| Feidhmeach | 214,264,554 | 201,691,074 |
| Bonneagair | 1,220,116,961 | 1,220,116,961 |
| Pobal | 51,000 | 51,000 |
| Neamh-Fheidhmeach | - | - |
| | **1,434,432,515** | **1,421,859,035** |
| **Obair-ar-Siúl agus Réamh-chostais** | **115,469,185** | 85,219,198 |
| **Féichiúnaithe Fad-Théarmacha** | **33,488,107** | **30,427,360** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoc | 878,232 | 657,582 |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamh-íocaíochtaí | 19.142,717 | 17,068,790 |
| Infheistithe Bainc | 1,386,937 | 7,606,096 |
| Airgead sa Bhanc | 1,153,845 | - |
| Airgead ar Láimh | 13,296 | 46,655 |
| | **22,575,027** | **25,379,124** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Rótharraingt Bainc | - | 670,877 |
| Creidiúnaithe & Fabhraithe | 6,621,821 | 8,243,717 |
| Cuntas Uirbeach | - | - |
| Léasanna Airgeadais | - | 6,833 |
| | **6,621,821** | **8,921,428** |
| **Glan Sócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | **15,953,206** | **16,457,696** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 70,100,039 | 69,184,678 |
| Léasanna Airgeadais | 13,559 | 6,726 |
| Éarlaisí In-Aisíoctha | 934,048 | 777,950 |
| Eile | - | - |
| | **71,047,646** | **69,969,354** |
| **Sócmhainní Glan / (Dliteanais)** | **1,528,295,367** | **1,483,993,935** |
| **Maoinithe Ag** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 1,434,432,515 | 1,421,859,035 |
| WIP Ioncaim | 109,376,838 | 78,328,515 |
| Cúlchiste Ioncaim Sonrach | 1,026 | 1,026 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta | (84,546) | (64,991) |
| Iar-mhéideanna Eile | (15,430,466) | (16,129,649) |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,528,295,367** | **1,483,993,935** |

*<u>Sliocht ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil neamh-iniúchta don Bhliain dár Críoch Nollaig 31, 2008</u>*

## ACHOIMRE <u>DRÉACHTA</u> DEN GCAITEACHAS AGUS IONCAM CAIPITIL

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| **<u>CAITEACHAS</u>** | **€** | **€** |
| Íocaíochtaí go Conraitheoirí | 39,398,276 | 34,275,020 |
| Ceannach Talún | 3,182,951 | 11,496,098 |
| Ceannach Sócmhainní Eile | 6,547,609 | 10,161,927 |
| Táillí Comhairleoireachta & Proifisiúnta | 4,218,784 | 3,919,720 |
| Eile | 11,791,424 | 14,892,461 |
| **Caiteachas Iomlán (Glan ó Aistrithe Inmheánacha)** | **65,139,044** | **74,745,226** |
| Aistrithe go h-Ioncam | 13,562 | 323,419 |
| **Caiteachas Iomlán (Aistrithe san Áireamh) *** | **65,152,606** | **75,068,645** |
| | | |
| **<u>IONCAM</u>** | | |
| Deontais | 50,787,410 | 37,584,358 |
| Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste | 2,147,021 | 5,146,250 |
| Ioncam Eile | | |
| Ranníocaíochtaí Forbartha | 4,090,901 | 4,640,754 |
| Cur de Láimh Sealúchais – Talamh | 1,022,000 | 456,500 |
| - Tithíocht LA | 2,113,388 | 3,955,790 |
| - Eile | - | - |
| Conláistí Ceannaithe Tionónta | 33,160 | 42,503 |
| Páirceáil Ghluaisteán | - | - |
| Eile | 5,733,800 | 7,656,839 |
| **Ioncam Iomlán (Glan na n-Aistrithe Inmheánacha)** | **65,927,680** | **59,482,994** |
| Aistrithe ó Ioncam | 242,083 | 2,431,463 |
| **Ioncam Iomlán (Aistrithe san Áireamh) *** | **66,169,763** | **61,914,457** |
| | | |
| **Easnamh/(Caillteanas) don bhliain** | **1,017,157** | **(13,154,188)** |
| Iarmhéid (Dochar)/Creidmheas @ 1ú Eanáir | 11,545,422 | 24,699,610 |
| **Iarmhéid (Dochar)/Creidmheas @ 31 NOLLAIG** | **12,562,579** | **11,545,422** |

- Aistrithe inmheánacha as an áireamh, aistrithe go agus ón gcuntas Ioncaim san áireamh


**Anailís ar Chaiteachas agus ar Mhaoiniú Measta an Tionscnaimh Caipitil/Cistí Ranníocaíochta Forbartha ar fáil de réir Roinn 2009-2011**

| Roinn | Caiteachas | Céimniú an Chaiteachais | | | | Maoiniú Molta | | Ciste Ranníocaíochta Forbartha Ar Fáil | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Caiteachas Caipitil Measta 2009 - 2011 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012+ | RCORA/UNB Measta | Riachtanas Maoinithe Ranníocaíochta Forbartha | Airgead Tirim Ar Fáil | Admhálacha Measta 2009-2011 | Easnamh sa Ranníocaíocht Forbartha |
| **A - Tithíocht & Tógáil** | 19,220 | 10,220 | 5,000 | 4,000 | 0 | 19,220 | 0 | 0 | 0 | **-** |
| **B - Iompar & Sábháilteacht Bóthar** | 90,504 | 32,904 | 26,200 | 31,400 | 0 | 80,704 | 9,800 | 850 | 689 | **(8,261)** |
| **C - Seirbhísí Uisce** | 157,162 | 10,377 | 28,841 | 41,621 | 76,323 | 113,551 | 43,611 | 6,050 | 4,906 | **(32,655)** |
| **D - Bainistíocht Forbartha** | 3,925 | 725 | 625 | 625 | 1,950 | 1,700 | 2,225 | 0 | 0 | **(2,225)** |
| **E - Seirbhísí Timpeallachta** | 11,880 | 2,125 | 4,950 | 4,605 | 200 | 11,780 | 100 | 0 | 0 | **(100)** |
| **F - Caitheamh Aimsire & Conláiste** | 23,840 | 4,260 | 12,810 | 5,560 | 1,210 | 12,820 | 11,020 | 2,329 | 1,889 | **(6,802)** |
| **J- Seirbhísí Corparáideacha** | 100 | 100 | 0 | 0 | 0 | 0 | 100 | 20 | 16 | **(64)** |
| **Mór Iomlán** | **306,631** | **60,711** | **78,426** | **87,811** | **79,683** | **239,775** | **66,856** | **9,249** | **7,500** | **(50,107)** |

Bé an fáltas ó cháin ghluaisteán do 2008 ná €12.61 milliún, sin méadú 4.3% ar 2007.

Eisíonn an oifig ceadúnais feithicle agus tiomána agus próiseálann siad idirbhirt mar athrú úinéireacht feithicle roimh 1993, teastais ród-acmhainneacht, teastais chláraithe feithicle agus riaráistí ceadúnaithe feithicle. Tugann Rannóg seo eolas, chomh maith, dos na Gardaí agus d'Údaráis Áitiúla eile, m.sh. pointí pionóis, fíneálacha tráchta, fíneálacha páirceála, agus araile.

| **Ceadúnais Feithicle** | **Méid Eisithe** | **Luach** |
|---|---:|---:|
| Ráithe | 26,496 | €3,141,760 |
| Leath Bhliain | 9,332 | €2,123,881 |
| Bliantúil | 19,806 | €6,687,859 |
| Ilbhliantúil | 220 | €1,320 |




| **Ceadúnais Tiomána** | **Méid Eisithe** | **Luach** |
|---|---:|---:|
| Ceadúnas Trí Bhliana | 1,102 | €3,015 |
| Ceadúnas Deich mBliana | 4,627 | €115,675 |
| Ceadúnas Sealadach Bliain Amháin | 1,102 | €16,305 |
| Ceadúnas Sealadach Dhá Bhliain | 2,851 | €44,055 |
| Ceadúnas Bliain Amháin | 122 | 10 |
| Ilbhliantúil | 897 | €8,970 |

Tá an Oifig Cháin Gluaisteán oscailte don bpobal ó 9.30 r. n. go 3.30 i. n., am lóin san áireamh, Luan go Aoine, seachas Laethanta Saoire Bainc.

Tá íocaíocht leictreonach ar fáil ag an gcuntar agus trí na hiarratais phoist.

Tá seirbhís chánach feithicle ar líne ar fáil anois – déileáladh le 28% des na hidirbhirt cáin gluaisteán (le Ceadúnais Tiomána as an áireamh) in Uíbh Fháilí ar líne i 2008 (i gcomparáid le 20% i 2007)

Is iad na hidirbhirt atá i gceist in áireamh an táscaire seo ná dioscaí cánacha eisithe, CF próisithe, athrú úinéireachta, CT 53, Ceadúnais Tiomána eisithe agus idirbhirt airgid ilghnéitheacha.

**TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE AN ROINN AIRGEADAIS/CÁIN GLUAISTEÁN 2008:**

| | |
|---|---|
| C: CÁIN GLUAISTEÁN | |
| C.1 Méid na n-idirbheart cáin gluaisteán (le Ceadúnais Tiomána as an áireamh) go:<br>n-Déileáiltear leo thar an gcuntar<br>n-Déileáiltear leo tríd an bpost | 56,668 (82%)<br>12,323 (18%) |
| C.2 Méid na n-iarratas poist (le Ceadúnais Tiomána as an áireamh)<br>Go ndéileáiltear leo ó ghlacadh an iarratais:<br>Ar an lá céanna<br>Ar an dtríú lá nó níos lú<br>Ar an gcúigiú lá nó níos lú<br>Sa bhreis ar 5 lá | <br><br>9,855 (80%)<br>2,195 (18%)<br>78 (1%)<br>197 (1%) |
| C.3 Méid na gCeadúnas Tiomána go ndéileáiltear leo ó ghlacadh an iarratais:<br>(e) Ar an lá céanna<br>(f) Ar an dtríú lá nó níos lú<br>(g) Ar an gcúigiú lá nó níos lú<br>(h) Sa bhreis ar chúig lá | <br><br>5,384 (49%)<br>2,505 (23%)<br>1,437 (13%)<br>1,607 (15%) |
| % na gCeadúnas Tiomána go ndéileáiltear leo ó ghlacadh an iarratais:<br>Ar an lá céanna<br>Ar an dtríú lá nó níos lú<br>Ar an gcúigiú lá nó níos lú<br>Sa bhreis ar chúig lá | <br>7.85 %<br>33.02 %<br>25.65 %<br>33.48 % |
| C.4 Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal | 29 |
| Bailiúchán Airgid<br>Ion. 1 Cíos Tí<br>Méid bailithe ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den mhéid ag teacht<br>4 – 6 seachtain d'aois<br>6 – 12 seachtain d'aois<br>níos mó ná 12 seachtain d'aois | <br>87.85 %<br><br><br>5.53 %<br>8.40 %<br>86.08 % |
| Ion. 2 Iasachtaí Tithíochta<br>Méid bailithe ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den mhéid ag teacht<br>Fán gcéad na riaráistí<br>Mí d'aois<br>2 – 3 mí d'aois<br>níos mó ná 3 mhí d'aois | <br>77.20 %<br><br>1.94 %<br>11.29%<br>86.77 % |
| Ion. 3 Rátaí Trádála<br>Méid bailithe ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den mhéid ag teacht | <br>92.13 % |
| Ion. 4 Táillí Bruscair<br>Fán gcéad des na teaghlaigh ag díol táillí bruscair ag deireadh na bliana | N/A – ná soláthraíonn seirbhís |
| Ion. 5 Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh<br>Méid bailithe ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den mhéid ag teacht | 44.22 % |

## *COMHAIRLE BHAILE BHIORA*

Tá Ceantar Uirbeach Biorra déanta suas de thimpeall 1,500 acra agus le daonra timpeall 3,500 ann.

**Siad baill na Comhairle ná:**
An Comhairleoir Michael Loughnane, 13 Meadowville,
An Comhairleoir John Carroll, An Fáinne, Biorra.
An Comhairleoir Tony McLoughlin, An Príomh Shráid, Biorra
An Comhairleoir Sean Doorley, 3 Meadowville, Biorra, (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Timmy Molloy, 11 Léibheann Uí Mhaonaigh, Cill Chormaic
An Comhairleoir Ann Hynes-Spain, Corr na Meala, Biorra (Leas-Cathaoirleach)
An Comhairleoir Michael Campbell, Páirc Thalamh na Coille, Biorra
An Comhairleoir Denis Sheils, Plás Ely, Biorra
An Comhairleoir Noel Russell, 30 Sráid Plás Ely, Biorra

**Cruinnithe Míosúla:**
Bíonn cruinnithe míosúla na Comhairle ar siúl ar 7 i. n. ar an dara Luan de gach mí.

**Ionadaithe Eagraíochtaí Éagsúla: Cumann Údarás Cathrach na hÉireann:**
Comhairleoirí N. Russell agus D. Sheils

**Comhar-Árachas Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann Teo:**
An Comhairleoir M. Campbell

**Coiste Gairmoideachais Uíbh Fháilí:**
An Comhairleoir J. Carroll agus Sr. Anne, Sráid Mc Auley, Biorra

**Coiste Halla Bhaile na Lochlannach:**
Comhairleoirí A. Spain agus S. Doorley

**Comhairle Bhaile Biorra/Cumann Lucht Tráchtála:**
An Comhairleoir J. Carroll, An Comhairleoir S. Doorley agus An Comhairleoir M. Loughnane

**CPS Polasaí na Timpeallachta**
An Comhairleoir Michael Loughnane

**CPS Iompair & Bonneagair:**
An Comhairleoir Tony McLoughlin

**Coiste Comhdhála Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí:**
An Comhairleoir John Carroll

**Bord Fiontair Chontae Uíbh Fháilí**
An Comhairleoir John Carroll

**Bord Forbartha Chontae Uíbh Fháilí:**
An Comhairleoir Tony McLoughlin

**An Fhoireann Sinsir:**

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir na Seirbhísí: | Michael Roche |
| Innealtóir an Bhaile: | William Ryan |
| Cléireach an Bhaile: | Mary Gaughran |

## SEIRBHÍSÍ SOLÁTHRAITHE

### TITHÍOCHT AGUS TÓGÁIL

Ar an 31ú Nollaig 2008 tá 210 teach ar chíos i mBiorra i dteannta le páirc charbhán cónaithe sé bhá ar Bhóthar Cruachán, Biorra. Tá daichead a seacht des na lóistíní seo mar Chatagóir Speisialta (do Shean Daoine nó do Dhaoine Míchumasacha).

Críochnaíodh tógáil 23 teach cónaithe ag Scurragh agus bhí na tionóntachtaí dáilte in Aibreán 2008.

### IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT BHÓTHAIR

Tá Comhairle Bhaile Biorra freagrach as cothabháil agus cothú timpeall 10 km de bhóithre agus de shráideanna uirbeacha, le cosáin san áireamh. Tá Comhairle Chontae Uíbh Fháilí freagrach as soláthar agus cothabháil na mBealach Náisiúnta Tánaisteacha agus Réigiúnacha tríd an bhaile.

### SPREAGTAÍ AGUS SMACHTA FORBARTHA

Leagann Plean Forbartha na Comhairle amach creatlach d'fhorbairt fhisiceach an bhaile chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn fás ar siúl ar bhonn comhordaithe agus ordúil, agus ag an am gcéanna go gcaomhnaítear carachtar intreach agus conláistí an bhaile. Thug an Chomhairle an Plean Forbartha do Bhiora agus a Phurláin 2004 isteach ar an 31ú Bealtaine 2004.

Fuarthas 41 iarratas pleanála bailí i 2008.

Thosaigh Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha do Bhiora & a Phurláin i 2008.

Choimisiúnaigh Comhairle Bhaile Biorra i dteannta le hOifig Oidhreachta CCU, Comhairle Oidhreachta & Forbairt na Sionainne plean le haghaidh Cheantair Phoiblí Biorra. D'ullmhaigh Comhlacht Paul Hogarth an plean & sé an chúis atá leis ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gceantar poiblí reatha (sráideanna, cearnóga, cosáin, páirceanna, carrchlóis etc.) & slite a mholadh gur féidir é a uasghrádú & a fhorlíonadh do thairbhe an bhaile ar scála níos leithne.

### COSAINT NA TIMPEALLACHTA

Sholáthar Comhairle Chontae áiseanna athchúrsála i Páirc Synge, Biorra. Tá Maor Tráchta/Bruscair fostaithe chun déileáil le cur i bhfeidhm forálacha an Achta um Thruailliú Bruscair.

### CAITHEAMH AIMSIRE AGUS CONLÁISTE

Déanann an Chomhairle cothabháil ar cheantar mór spás oscailte i mBiorra & agus déanann siad bainistíocht ar an bhfaiche imeartha ar Bhóthar Wilmer.

### LEAS

Maoiníonn an Chomhairle soláthar béilí scoile i dteannta leis an Roinn Leasa Sóisialta.

**<u>SONRAÍ CHAITEACHAIS AR LEASANNA AN PHOBAIL ÁITIÚIL A CHUR CHUN CINN</u>**

Dhein Comhairle Bhaile Biorra urraíocht ar na hócáidí/tionscnaimh speisialta seo a leanas i 2008:

| | |
|---|---|
| Soilse na Nollag | €2,000 |
| Ely O' Carroll | €1,500 |
| Linn Snámh Biorra | €5,500 |
| Bailte Oidhreachta na hÉireann | €2,315 |
| Seachtain Seanré | €1,500 |
| Ionad Amharclanna agus Ealaíona Biorra | €3,500 |
| Bróisiúr Ardú Céime Forbairt na Sionainne | €1,500 |
| Féilire Ócáidí Meitheal Biorra | €200 |

**FÁILTITHE SIBHIALTA/ÓCÁIDÍ SPEISIALTA**

Le linn cúrsa na bliana bhí bronnta déanta ar Chomhlacht Stáitse Bhiorra, Mr. Brian Whelehan, Clann O' Donohue & John & Mary Lawlor.

**AR SCOR**

D'éirigh Mr. Michael De Forge, Saoiste an Bhaile as Comhairle Bhaile Bhiora tar éis seirbhís dílis sa bhreis ar tríocha cúig bliain a thabhairt.

D'éirigh an Comhairleoir Séamus Fanneran as an gComhairle agus thóg an Comhairleoir T. Molloy a áit.

**COMHAIRLEOIRÍ BAILE**

An Comhairleoir Patricia Brady, Fine Gael
An Comhairleoir Brian Carroll (Cathaoirleach), Fianna Fáil
An Comhairleoir Noel Cribbin (Leas Chathaoirleach), Fianna Fáil
An Comhairleoir John Foley, Fianna Fáil
An Comhairleoir Liam Hogan, Fine Gael
An Comhairleoir Fergus McDonnell, Neamh-Pháirtí
An Comhairleoir Jim Murrin, Gan Páirtí
An Comhairleoir Finian O'Neill, Fianna Fáil
An Comhairleoir John Quinlan, Fianna Fáil

Bíonn cruinnithe míosúla de chuid na gComhairleoirí ar siúl ar an dara Céadaoin de gach mí i Halla an Bhaile, Éadan Doire.

Bainisteoir Ceantair Éadan Doire/Stiúrthóir na Seirbhísí – Frank Heslin

Innealtóir Feidhmeannach Sinsir/Innealtóir an Bhaile – Damien Grennan

Cléireach an Bhaile – Olwen Cooney

**IONADAITHE NA N-ÉAGRAÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA**

Cumann Údarás Cathrach na hÉireann – An Comhairleoir Brian Carroll agus an Comhairleoir Liam Hogan

Glaodh Comhairle Bhaile Éadan Doire ar Choimisinéirí Bhaile Éadan Doire le héifeacht ón 1ú Eanáir, 2002. Is é Éadan Doire ar dara baile is mó in Uíbh Fháilí agus bhí fás an-mhór ann le cúig bhliain anuas. Tá Comhairle Bhaile Éadan Doire gafa le réimse leathan seirbhísí.

Tá Ceantar Uirbeach Éadan Doire ina cheantar le 1,959 acra. Spreag giorracht an bhaile do mhór-cheantar Bhaile Átha Cliath agus an feabhas déanach ar na ceangail bhóthar do dhaoine socrú síos anseo agus bhí fás mór ar an daonra dá bharr.

Mar chuid den athstruchtúrú faoi Chlár Níos Fearr don Rialtas Áitiúil tá Hall an Bhaile, Éadan Doire tar éis éirí ina lárionaid do sheachadadh seirbhísí uile an Chomhairle Chontae do mhuintir Éadan Doire agus a chúlchríoch.

Bhí na Comhairleoirí gafa go gníomhach le linn na bliana ag cur gach gné den saol chun cinn in Éadan Doire. Chuige seo, bhí ranníocaíocht de €10,000 tugtha do Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí mar dheontas speisialta cosán le haghaidh Baile Éadan Doire agus bhí uasghrádú agus deisiúcháin ar siúl i gceantair éagsúla den mbaile dá bharr seo. Tá pleananna bróisiúr do Bhaile Éadan Doire a chur chun cinn ins na céimeanna luaithe ach táthar ag súil go mbeidh sé seo déanta agus i gcló i 2009.

Bhí cruinniú stairiúil ar siúl in Éadan Doire leis na gníomhaireachtaí uile atá bainteach le fostaíocht agus le forbairt bhaile Éadan Doire. Ghlaoigh baill choiste ceantair Éadan Doire agus baill Chomhairle Bhaile Éadan Doire an cruinniú agus dhein an Comhairleoir Noel Bourke, Cathaoirleach coiste ceantair Éadan Doire agus an Comhairleoir Brian Carroll, Cathaoirleach Chomhairle Bhaile

Éadan Doire ionadaíocht ar an dá choiste ag an gcruinniú seo. Do bé aidhm an chruinnithe seo imlíniú a dhéanamh ar riachtanais Éadan Doire de bharr na bpost go léir a cailleadh sa cheantar le déanaí agus comhairleoirí a thabhairt suas chun dáta faoi iarracht na ngníomhaireachtaí go léir jabanna an todhchaí a shlándáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh in Éadan Doire agus ins na ceantair mórthimpeall air.

Bhí sraith de chruinnithe ar siúl ag an gComh-choiste Póilíneachta chun na sonraí a chomh-nascadh a bhí aighnithe ag an bpobal ginearálta trí cheistneoirí maidir leis na gníomhaireachtaí uile agus an pobal ginearálta ag obair le céile chun an caighdeán saoil i mBaile Éadan Doire a fheabhsú. Bhí plean oibre mór curtha le céile do 2009.

Bhí lasadh traidisiúnta soilse agus crann na Nollag ar siúl i Halla an Bhaile am Nollaig agus le Daidí Draíochta na Nollag agus a shleamhnán draíochtach ann dos na leanaí go léir agus bhí bronntanais ann do gach aoinne. D'eagraigh agus d'fhorbair cur chuige comhchoiteann ó Chumann Gnó Éadan Doire, ó Chumann Creidmheasa Éadan Doire agus ó Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí crann Nollag cruach nua i mbliana, rud a fhéach go hiontach.

D'eisíodh Ráitis faoi Bhronntanais agus Dearbhaithe Leasanna Faighte ag gach ball de Chomhairle Bhaile Éadan Doire.



*Páirtíocht Spóirt Uíbh Fháilí*

## *COMHAIRLE BHAILE BHIORRA*

Tá an Tulach Mór ina phríomh bhaile ar Uíbh Fháilí le daonra sa bhreis ar 10,000 ann. Tá an Chomhairle gafa le réimse leathan soláthar seirbhíse le Tithíocht, Bóithre agus Carrchlóis, Pleanáil agus Caitheamh Aimsire, áiseanna Fóillíochta agus Conláiste san áireamh.

### BAILL TOFA CHOMHAIRLE BHAILE AN TULAIGH MHÓIR

An Comhairleoir Molly Buckley
An Comhairleoir Laurence Byrne
An Comhairleoir Joe Coughlan
An Comhairleoir Sinead Dooley
An Comhairleoir Richard Egan
An Comhairleoir John Flanagan
An Comhairleoir Tommy McKeigue
An Comhairleoir Sean O'Brien
An Comhairleoir Paddy Rowland

**Cruinnithe Míosúla**
Bíonn cruinnithe de chuid na Comhairle ar siúl ar an dara Déardaoin den mhí ar 5.00 i. n. i Seomra na Comhairle

### FO-CHOISTÍ NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| **COISTE TITHÍOCHTA:** | An Comhairleoir Tommy McKeigue<br>An Comhairleoir Molly Buckley<br>An Comhairleoir Laurence Byrne<br>An Comhairleoir Joseph Coughlan<br>An Comhairleoir Sean O'Brien |
| **COISTE COMHDHÁLA:** | An Comhairleoir Paddy Rowland<br>An Comhairleoir Laurence Byrne<br>An Comhairleoir Richard Egan<br>An Comhairleoir Joseph Coughlan |

### IONADAITHE DO EAGRAÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA:

| | |
|---|---|
| **COISTE GAIRMOIDEACHAIS:** | An Comhairleoir Sean O'Brien<br>An Comhairleoir Laurence Byrne<br>An Comhairleoir Sinead Dooley |
| **CUCE:** | An Comhairleoir Tommy McKeigue<br>An Comhairleoir Sean O'Brien |

| | |
|---|---|
| **CHOMH-ÁRACHAIS EAGRAÍOCHTAÍ POIBLÍ NA HÉIREANN TEO:** | An Comhairleoir Molly Buckley |
| **IONAD OIDHREACHTA DEW BORD AN TULAIGH MHÓIR:** | An Comhairleoir Sinead Dooley<br>An Comhairleoir Tommy McKeigue |
| **COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH UÍBH FHÁILÍ** | An Comhairleoir Paddy Rowland<br>An Comhairleoir Richard Egan |
| **FÓILLÍOCHT AN TULAIGH MHÓIR TEO.** | An Comhairleoir Molly Buckley<br>An Comhairleoir John Flanagan<br>An Comhairleoir Sean O'Brien |
| **BORD FORBARTHA CHONTAE UÍBH FHÁILÍ** | An Comhairleoir Sean O'Brien |

## BUAICPHOINTÍ 2008

- Oscailt Linn Snámha nua agus ionad Fóillíochta i gCluain an Chollaigh
- Críoch curtha le Páirc Bhaile Lloyd go bhfuil Páirc Bord Scátála, Lána Babhlála Glas agus faiche imeartha do leanaí ann
- Socraíodh 146 iarratas tithíochta i rith na bliana
- Tacaíocht do Fhleadh Ceoil na hÉireann don dara bliain ina dhiaidh a chéile
- D'aistríodh feidhm Seirbhísí Uisce an Chomhairle Bhaile go Comhairle Chontae Uíbh Fháilí ar an 1ú Aibreán
- Thug an Chomhairle isteach prótacal nua le haghaidh bhronnadh Onóracha Sibhialta
- Tacaíocht do Thionscnamh Uair a Chloig an Domhain
- Tugadh tacaíocht airgeadais do 15 tionscnamh faoi Chiste pobail Chomhairle Bhaile an Tulaigh Mhóir
- Breitheanna eisithe ar 98 iarratas pleanála i rith na bliana.